Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2021/0410(COD)

19.9.2022

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (‘Prüm II’), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(COM(2021)0784 – C9-0455/2021 – 2021/0410(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Paulo Rangel

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(COM(2021)0784 – C-90455/2021 – 2021/0410(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0784),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), agus d'Airteagail 16(2) agus 87(2), pointe (a) agus d'Airteagal 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0455/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Lua 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[28],	ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[28],

28 ***IO C*** , , lch. .

[28] ***IO C 323***, ***26.8.2022***, lch. ***69***.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Lua 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[29],	***scriosta***

[29] 29 IO C , , lch. .

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Dá bhrí sin, malartú faisnéise coiriúla idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, agus ina theannta sin, idir na húdaráis sin agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] (Europol), í ina mol faisnéise coiriúla le haghaidh an Aontais, is é is aidhm don Rialachán seo an malartú faisnéise sin a fheabhsú, a chuíchóiriú agus a éascú.	(3) Dá bhrí sin, malartú faisnéise coiriúla ***ní hamháin*** idir údaráis ***inniúla*** forfheidhmithe dlí na mBallstát ***chun cionta coiriúla a chosc***, ***a bhrath*** agus ***a imscrúdú, agus*** ina theannta sin, idir na húdaráis sin agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] (Europol), í ina mol faisnéise coiriúla le haghaidh an Aontais, is é is aidhm don Rialachán seo an malartú faisnéise sin a fheabhsú, a chuíchóiriú agus a éascú. ***Ina theannta sin, is é cuspóir an Rialacháin seo cead a thabhairt do na húdaráis inniúla sin daoine atá ar iarraidh a chuardach agus taisí daonna gan aithint a shainaithint.***

[30] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

[30] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Cinntí ***2008/615/CGB[31]agus 2008/616/CGB[32]ón*** gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le malartú faisnéise idir na húdaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú trí fhoráil a dhéanamh maidir le haistriú uathoibrithe próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithicle áirithe, tá sé cruthaithe gur cinntí tábhachtacha iad sin ó thaobh dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus leis an gcoireacht trasteorann.	(4) Cinntí ***2008/615/CGB[31] agus 2008/616/CGB[32] ón*** gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le malartú faisnéise idir na húdaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú trí fhoráil a dhéanamh maidir le haistriú uathoibrithe próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithicle áirithe, tá sé cruthaithe gur cinntí tábhachtacha iad sin ó thaobh dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus leis an gcoireacht trasteorann***, ar an gcaoi sin ag cosaint shlándáil inmheánach an Aontais agus sábháilteacht a shaoránach***.

[31] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

[32] Cinneadh 2008/616/CGB an 23 Meitheamh 2008 ón gComhairle maidir le cur chun feidhme

[31] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

[32] Cinneadh 2008/616/CGB an 23 Meitheamh 2008 ón gComhairle maidir le cur chun feidhme

Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (***IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).***	Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (***IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).***
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ba cheart ***don Rialachán seo*** na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagan síos maidir le ***haistriú uathoibrithe próifílí DNA,*** sonraí ***dachtalascópacha,*** sonraí clárúcháin ***feithicle, íomhánna den aghaidh*** agus ***taifead póilíneachta***. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do phróiseáil aon sonraí den chineál sin i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) nó do mhalartú faisnéise breise a bhaineann leo tríd an mBiúró SIRENE nó do chearta na ndaoine a ndéantar a sonraí a phróiseáil iontu.	(5) ***Leis an Rialachán seo,*** ba cheart na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagan síos maidir le ***cuardach agus malartú uathoibríoch*** sonraí ***bithmhéadracha atá i mbunachair*** sonraí ***arna mbunú chun cionta coiriúla agus sonraí*** clárúcháin ***feithiclí*** agus ***taifid phóilíneachta a chosc, a bhrath agus a imscrúdú***. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do phróiseáil aon sonraí den chineál sin i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) nó do mhalartú faisnéise breise a bhaineann leo tríd an mBiúró SIRENE ***de bhun Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[1a] nó do chearta na ndaoine a ndéantar a sonraí a phróiseáil iontu.

[1a] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún

(IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) ***Próiseáil*** sonraí pearsanta agus malartú sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo, níor cheart idirdhealú ar dhéanamh i gcoinne daoine ar aon fhoras i ngeall ar an bpróiseáil nó ar an malartú sin. Déanfar dínit agus iomláine an duine a lán-urramú chomh maith le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart go n-urramófaí saol príobháideach an duine agus go gcosnófaí sonraí pearsanta, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.	(6) ***Aon phróiseáil*** sonraí pearsanta agus malartú sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo, ***ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Caibidil 6 den Rialachán seo agus, de réir mar is infheidhme, le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b] agus Rialachán (AE) 2016/794. Maidir le próiseáil agus malartú sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo,*** níor cheart idirdhealú ar dhéanamh i gcoinne daoine ar aon fhoras i ngeall ar an bpróiseáil nó ar an malartú sin. Déanfar dínit agus iomláine an duine a lán-urramú chomh maith le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart go n-urramófaí saol príobháideach an duine agus go gcosnófaí sonraí pearsanta, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[1a] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[1b] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Trí fhoráil a dhéanamh maidir le cuardach uathoibrithe ***nó comparáid uathoibrithe*** ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí ***clárúcháin feithicle***, íomhánna den aghaidh ***nó*** taifid phóilíneachta, is é is cuspóir don Rialachán seo go mbeifear in ann daoine atá ar iarraidh agus taisí daonna gan aithint a ***chuardach***. Ba cheart é sin a bheith gan dochar d'iontráil fholáirimh SIS maidir le daoine atá ar iarraidh agus do mhalartú faisnéise breise maidir le foláirimh den chineál sin faoi Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.***[33]***	(7) Trí fhoráil a dhéanamh maidir le cuardach uathoibrithe ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí ***áirithe maidir le clárú feithiclí***, íomhánna den aghaidh ***agus*** taifid phóilíneachta, is é is cuspóir don Rialachán seo go mbeifear in ann daoine atá ar iarraidh ***a chuardach*** agus taisí daonna gan aithint a ***shainaithint***. Ba cheart é sin a bheith gan dochar d'iontráil fholáirimh SIS maidir le daoine atá ar iarraidh agus do mhalartú faisnéise breise maidir le foláirimh den chineál sin faoi Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[33] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)

Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) An Treoir (AE) …/… [maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát], is Treoir í a chuireann creat dlíthiúil comhleanúnach an Aontais ar fáil chun a áirithiú go bhfuil rochtain choibhéiseach ag údaráis forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis atá á coinneáil ag Ballstáit eile nuair is gá dóibh an fhaisnéis sin chun an choireacht agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Chun malartú faisnéise a fheabhsú, déanann an Treoir sin na nósanna imeachta maidir le malartú faisnéise idir na ***Ballstáit*** a chur ar bhonn foirmiúil agus a shoiléiriú, go háirithe chun críoch imscrúdúcháin, lena n-áirítear ról ‘an phointe teagmhála aonair’ le haghaidh malartuithe den ***chineál*** sin, agus lánúsáid á baint as cainéal malartaithe faisnéise de chuid Europol, SIENA. Aon mhalartú faisnéise thar an méid dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart é a rialáil ***faoi Threoir*** (AE) ***…/…*** [maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát].	(8) An Treoir (AE) …/… [maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát], is Treoir í a chuireann creat dlíthiúil comhleanúnach an Aontais ar fáil chun a áirithiú go bhfuil rochtain choibhéiseach ag údaráis ***inniúla*** forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis atá á coinneáil ag Ballstáit eile nuair is gá dóibh an fhaisnéis sin chun an choireacht agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Chun malartú faisnéise a fheabhsú, déanann an Treoir sin na ***rialacha agus na*** nósanna imeachta maidir le malartú faisnéise idir ***údaráis inniúla forfheidhmithe dlí*** na ***mBallstát*** a chur ar bhonn foirmiúil agus a shoiléiriú, go háirithe chun críoch imscrúdúcháin, lena n-áirítear ról ‘an phointe teagmhála aonair’ le haghaidh malartuithe den ***sórt*** sin, agus lánúsáid á baint as cainéal malartaithe faisnéise de chuid Europol, SIENA. Aon mhalartú faisnéise ***idir údaráis inniúla forfheidhmithe dlí*** thar an méid dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ***eadhon sonraí bithmhéadracha, sonraí áirithe maidir le clárú feithiclí agus taifid phóilíneachta áirithe a chuardach go huathoibríoch agus malartú bunsonraí tar éis meaitseáil dheimhnithe,*** ba cheart é a rialáil ***le Treoir*** (AE)***.../...*** [maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát].

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Chun gur féidir cuardach uathoibrithe ar shonraí clárúcháin feithicle a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gCóras Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (Eucaris) arna chur ar bun leis an gConradh a bhaineann le Córas Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (EUCARIS), córas a dearadh chun na críche sin***. Ba cheart do Eucaris na Ballstáit rannpháirteacha uile a nascadh le chéile*** i líonra. Níl gá le haon chomhchuid lárnach chun an chumarsáid a bhunú toisc go ndéanann gach Ballstát cumarsáid go díreach leis na Ballstáit nasctha eile.	(9) Chun gur féidir cuardach uathoibrithe ar shonraí clárúcháin feithicle a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit ***agus Europol*** úsáid a bhaint as an gCóras Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (Eucaris) arna chur ar bun leis an gConradh a bhaineann le Córas Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (EUCARIS), córas a dearadh chun na críche sin***, ar córas é a nascann gach Ballstát rannpháirteach*** i líonra. Níl gá le haon chomhchuid lárnach chun an chumarsáid a bhunú toisc go ndéanann gach Ballstát cumarsáid go díreach leis na Ballstáit nasctha eile***, agus go ndéanann Europol cumarsáid dhíreach leis na Ballstáit nasctha***.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Tá sé fíor-riachtanach coirpeach a shainaithint chun imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh rathúil a bhaint amach. ***Le cuardach*** uathoibrithe ar íomhánna d'aghaidheanna amhrastach agus ***coirpeach*** ciontaithe, ba cheart ***go gcuirfí*** faisnéis bhreise ***ar fáil*** chun go ***n-éireofaí le sainaithint coirpeach*** agus ***leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta***.	(10) Tá sé fíor-riachtanach coirpeach a shainaithint chun imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh rathúil a bhaint amach. ***Leis an gcuardach*** uathoibrithe ***a dhéantar*** ar íomhánna d'aghaidheanna amhrastach agus ***daoine*** ciontaithe ***a bhailítear i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i mbunachair sonraí náisiúnta arna mbunú chun cionta coiriúla a chosc***, ***a bhrath agus a***

imscrúdú, ba cheart ***foráil a dhéanamh maidir le*** faisnéis bhreise chun ***coirpigh a shainaithint*** go ***rathúil*** agus ***chun an choireacht a chomhrac***.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) An cuardach uathoibrithe nó an chomparáid uathoibrithe ar shonraí bithmhéadracha (próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus íomhánna den aghaidh) idir na húdaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú faoin Rialachán seo, níor cheart don chuardach nó don chomparáid sin a bheith ag baint ach amháin leis na sonraí a stóráiltear i mbunachair sonraí a bunaíodh le haghaidh cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.	***scriosta***

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ba cheart an rannpháirtíocht i malartú taifead póilíneachta a bheith deonach i gcónaí. I gcás ina gcinnfidh ***Ballstát*** a bheith rannpháirteach ***ann***, de ***mheon na cómhalartachta***, níor cheart é a bheith in ***ann bunachair*** sonraí ***de chuid*** na mBallstát eile ***a chuardach mura gcuireann sé a chuid sonraí ar fáil lena gceadú ag na Ballstáit eile***.	(12) Ba cheart an rannpháirtíocht i ***gcuardach agus*** malartú ***uathoibrithe*** taifead póilíneachta a bheith deonach i gcónaí. I gcás ina gcinnfidh ***na Ballstáit*** a bheith rannpháirteach, ***ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh innéacsanna náisiúnta*** de ***thaifid phóilíneachta ar fáil ina bhfuil tacair sonraí beathaisnéiseacha ó amhrastaigh agus ó dhaoine ciontaithe ó***

bhunachair sonraí náisiúnta arna mbunú chun cionta coiriúla a chosc**, **a bhrath agus a imscrúdú. I bhfianaise íogaireacht na sonraí lena mbaineann, níor cheart é a bheith ***indéanta ach cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh agus taifid phóilíneachta a mhalartú a bhaineann le daoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad na cionta dá dtagraítear*** in ***Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/794 nó in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB[1a], nó a ciontaíodh as na cionta sin a dhéanamh. Agus innéacsanna náisiúnta taifead póilíneachta á gcruthú, tá sé tábhachtach go n-úsáidfidh na Ballstáit*** sonraí ***ó bhunachair sonraí náisiúnta arna mbunú chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Seiceálfaidh údaráis forfheidhmithe dlí*** na mBallstát ***na sonraí sin sna hinnéacsanna náisiúnta de thaifid na bpóilíní ar iarrataí ar fhaisnéis a fháil ó údaráis inniúla forfheidhmithe dlí Ballstát*** eile.

[1a] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1)

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ina n-innéacs náisiúnta de thaifid na bpóilíní cruinn, iomlán agus cothrom le dáta agus ba cheart dóibh coimircí a chur chun feidhme, go háirithe maidir le hainm

bréige a chur i bhfeidhm, chun sonraí pearsanta a ndearnadh cuardach orthu a chosaint. De mheon na cómhalartachta, níor cheart Ballstát a bheith in ann cuardach a dhéanamh i mbunachair sonraí Ballstát eile mura gcuireann sé a chuid innéacsanna náisiúnta féin de thaifid phóilíneachta ar fáil le haghaidh ceisteanna ó Bhallstáit eile.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Le blianta beaga anuas, tá méid mór sonraí bithmhéadracha faighte ag Europol, sonraí a bhaineann le sceimhlitheoirí agus coirpigh, idir amhrasta agus ciontaithe***, as roinnt*** tríú tíortha. Sonraí atá foinsithe ó thríú tíortha agus a stóráiltear ag Europol, na sonraí sin a áireamh sa chreat Prüm agus iad a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí ar an gcaoi sin, is rud é sin a bhfuil gá leis chun gur fearr is féidir cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú. ***Ina theannta sin, cuireann*** sé le sineirgí a ***thógáil*** idir uirlisí éagsúla ***de chuid na n-údarás*** forfheidhmithe dlí.	(13) Le blianta beaga anuas, tá méid mór sonraí bithmhéadracha faighte ag Europol, sonraí a bhaineann le sceimhlitheoirí agus coirpigh, idir amhrasta agus ciontaithe ***ó údaráis*** tríú tíortha***, go háirithe faisnéis ón láthair chatha i gcás criosanna cogaidh***. ***Is minic nárbh fhéidir leas iomlán a bhaint as na*** sonraí ***sin toisc nach mbíonn siad ar fáil i gcónaí d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát. Maidir le sonraí*** atá foinsithe ó thríú tíortha agus a stóráiltear ag Europol, na sonraí sin a áireamh sa chreat Prüm agus iad a chur ar fáil d'údaráis ***inniúla*** forfheidhmithe dlí ar an gcaoi sin, is rud é sin a bhfuil gá leis chun gur fearr is féidir cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú. ***Cuidíonn*** sé ***freisin*** le sineirgí a ***chothú*** idir uirlisí éagsúla forfheidhmithe dlí ***agus áirithíonn sé go n-úsáidtear sonraí ar an mbealach is éifeachtúla***.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Ba cheart do Europol a bheith in ann bunachair sonraí de chuid na mBallstát a chuardach faoin gcreat Prüm le sonraí a fuarthas ó ***thríú*** tíortha chun naisc trasteorann idir cásanna coiriúla a shuí. Más féidir sonraí Prüm a úsáid i dteannta bunachair sonraí eile atá ar fáil do Europol, ba cheart ***gurbh fhéidir*** anailís ní b'iomláine agus ní b'eolaí a dhéanamh ar na himscrúduithe coiriúla agus ***ba cheart gurbh fhéidir le*** Europol tacaíocht ní b'fhearr a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát. I gcás ina ndéanfar meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh agus na sonraí a stóráiltear i mbunachair sonraí de chuid na mBallstát, ***féadfaidh*** na Ballstáit an fhaisnéis a bhfuil gá léi chun a chúraimí a chomhlíonadh a thabhairt do Europol.	(14) Ba cheart do Europol a bheith in ann bunachair sonraí de chuid na mBallstát a chuardach faoin gcreat Prüm le sonraí a fuarthas ó ***údaráis tríú*** tíortha***, agus na rialacha agus na coinníollacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/794 á n-urramú go hiomlán,*** chun naisc trasteorann idir cásanna coiriúla a shuí. Más féidir sonraí Prüm a úsáid i dteannta bunachair sonraí eile atá ar fáil do Europol, ba cheart ***go gcumasófaí*** anailís ní b'iomláine agus ní b'eolaí a dhéanamh ar na himscrúduithe coiriúla agus***, ar an gcaoi sin, go lamhálfaí do*** Europol tacaíocht ní b'fhearr a thabhairt d'údaráis ***inniúla*** forfheidhmithe dlí na mBallstát ***agus iad i mbun imscrúduithe coiriúla***. I gcás ina ndéanfar meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh agus na sonraí a stóráiltear i mbunachair sonraí de chuid na mBallstát, ***ba cheart go lamhálfaí do*** na Ballstáit an fhaisnéis a bhfuil gá léi chun a chúraimí a chomhlíonadh a thabhairt do Europol.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Le Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB, foráiltear maidir le líonra de naisc dhéthaobhacha idir bunachair sonraí na mBallstát. De thoradh na hailtireachta teicniúla sin, ***ba cheart do*** gach Ballstát ar a laghad ***26 nasc*** a bhunú,	(15) Le Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB, foráiltear maidir le líonra de naisc dhéthaobhacha idir bunachair sonraí na mBallstát. De thoradh na hailtireachta teicniúla sin, ***bhí ar*** gach Ballstát ***26 nasc*** ar a laghad a bhunú, is é

is é sin le rá nasc amháin le gach Ballstát de réir catagóir sonraí. An ródaire agus an Córas Eorpach Innéacs de Thaifid ***na bPóilíní*** (EPRIS) a bhunaítear leis an Rialachán seo, ***ba cheart go ndéanfaidís*** ailtireacht theicniúil an chreat Prüm a shimpliú agus ***go mbeidís*** ina bpointí nasctha idir na Ballstáit uile. Ba cheart nasc aonair de réir an Bhallstáit i ndáil le sonraí bithmhéadracha a bheith ag teastáil ón ródaire, agus ba cheart nasc aonair de réir an Bhallstáit i ndáil le taifid phóilíneachta a bheith ag teastáil ó EPRIS.	sin le rá nasc amháin le gach Ballstát ***a bhí rannpháirteach sa mhalartú uathoibríoch,*** de réir catagóir sonraí. An ródaire agus an Córas Eorpach Innéacs de Thaifid ***Phóilíneachta*** (EPRIS) a bhunaítear leis an Rialachán seo, ***déanfaidh siad*** ailtireacht theicniúil an chreat Prüm a shimpliú agus ***beidh siad*** ina bpointí nasctha idir na Ballstáit uile. Ba cheart nasc aonair de réir an Bhallstáit i ndáil le sonraí bithmhéadracha a bheith ag teastáil ón ródaire, agus ba cheart nasc aonair de réir an Bhallstáit ***rannpháirtigh agus Europol*** i ndáil le taifid phóilíneachta a bheith ag teastáil ó EPRIS.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ba cheart an ródaire a nascadh leis an Tairseach Chuardaigh Eorpach arna bunú le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] chun gur féidir le húdaráis na mBallstát agus le Europol cuardaigh a sheoladh chuig bunachair sonraí náisiúnta faoin Rialachán seo i gcomhthráth le cuardaigh a sheoladh chuig an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta arna bhunú le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/818 chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.	(16) Ba cheart an ródaire a nascadh leis an Tairseach Chuardaigh Eorpach arna bunú le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] chun gur féidir le húdaráis ***inniúla fofheidhmithe dlí*** na mBallstát agus le Europol cuardaigh a sheoladh chuig bunachair sonraí náisiúnta faoin Rialachán seo i gcomhthráth le cuardaigh a sheoladh chuig an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta arna bhunú le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/818 chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. ***Dá bhrí sin, ba cheart an dá Rialachán sin a leasú dá réir. Thairis sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/818 a leasú d'fhonn stóráil thuarascálacha agus staitisticí an ródaire a chumasú sa Stóras Coiteann um Thuairisciú agus***

Staidreamh.

[34] Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

[35] Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

[34] Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

[35] Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) I gcás ina ndéanfar meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh nó na comparáide agus na sonraí a stóráiltear i mbunachar sonraí an Bhallstáit iarrtha nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú na meaitseála sin ag an Ballstát iarrthach, ba cheart don Bhallstát iarrtha tacar bunsonraí teoranta a chur ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. ***D'áiritheofaí*** malartú cumarsáide tapa idir údaráis na mBallstát i ngeall ar an	(17) I gcás ina ndéanfar meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh nó na comparáide agus na sonraí a stóráiltear i mbunachar sonraí an Bhallstáit iarrtha nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú na meaitseála sin ag an Ballstát iarrthach, ba cheart don Bhallstát iarrtha tacar bunsonraí***,*** teoranta***,*** a ***mhéid is atá siad ar fáil, a*** chur ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. ***I gcás inar gá don Bhallstát iarrtha údarú breithiúnach***

sprioc-am. Ba cheart an smacht ar scaoileadh an tacair bunsonraí theoranta a bheith faoi chúram na mBallstát i gcónaí. Ba cheart méid áirithe d'idirghabháil dhaonna a choimeád ag céimeanna tábhachtacha sa phróiseas, ***lena n-áirítear*** ag an ***gcinneadh*** sonraí pearsanta a scaoileadh chuig an mBallstát iarrthach chun a áirithiú nach ndéanfar aon mhalartú uathoibrithe ar na bunsonraí.	***a fháil sula dtarchuirfear na bunsonraí, níor cheart feidhm a bheith ag an spriocdháta 24 uair an chloig agus, ina ionad sin, ba cheart don Bhallstát a áirithiú go gcuirfear na bunsonraí ar ais laistigh de 72 uair an chloig. Áiritheofar*** malartú cumarsáide tapa idir údaráis ***inniúla forfheidhmithe dlí*** na mBallstát i ngeall ar an sprioc-am. Ba cheart an smacht ar scaoileadh an tacair bunsonraí theoranta a bheith faoi chúram na mBallstát i gcónaí. Ba cheart méid áirithe d'idirghabháil dhaonna a choimeád ag céimeanna tábhachtacha sa phróiseas, ***agus, ar a laghad,*** ag ***seoladh*** an ***iarratais, chun an mheaitseáil a dhearbhú, chun iarratas a sheoladh chun bunsonraí a fháil tar éis don mheaitseáil a bheith deimhnithe, agus don chinneadh*** sonraí pearsanta a scaoileadh chuig an mBallstát iarrthach chun a áirithiú nach ndéanfar aon mhalartú uathoibrithe ar na bunsonraí.
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Aon mhalartú idir údaráis na mBallstáit nó idir na húdaráis sin agus Europol ag aon chéim de na próisis a shonraítear faoin Rialachán seo ar malartú é nach sonraítear sa Rialachán seo, ba cheart é a dhéanamh trí SIENA chun a áirithiú go bhfuil cainéal cumarsáide coiteann slán iontaofa á úsáid ag na Ballstáit uile.	***scriosta***
	Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ba cheart ***caighdeán na formáide uilíche*** teachtaireachta (UMF) a úsáid ***i bhforbairt*** an ródaire agus EPRIS***.*** Aon mhalartú ***uathoibrithe a dhéantar ar shonraí*** i gcomhréir leis an Rialachán seo***, ba cheart dó an caighdeán UMF a úsáid***. Spreagtar údaráis na mBallstát agus Europol an caighdeán UMF a úsáid freisin i ndáil le haon mhalartú sonraí breise eatarthu i gcomhthéacs an chreata Prüm II. Ba cheart do chaighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) a fheidhmiú mar chaighdeán le haghaidh malartú faisnéise struchtúrtha trasteorann idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.	(19) ***A mhéid is infheidhme,*** ba cheart ***ancaighdeán maidir le formáid uilíoch*** teachtaireachta (UMF) a úsáid ***chun*** an ródaire agus EPRIS ***a fhorbairt agus le haghaidh*** aon mhalartú ***uathoibríoch sonraí*** i gcomhréir leis an Rialachán seo. Spreagtar údaráis ***inniúla forfheidhmithe dlí*** na mBallstát agus Europol an caighdeán UMF a úsáid freisin i ndáil le haon mhalartú sonraí breise eatarthu i gcomhthéacs an chreata Prüm II. Ba cheart do chaighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) a fheidhmiú mar chaighdeán le haghaidh malartú faisnéise struchtúrtha trasteorann idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Ní féidir gnéithe áirithe den chreat Prüm II a chumhdach ar bhealach uileghabhálach leis an Rialachán seo i ngeall ar a nádúr teicniúil, ar an leibhéal mionsonraí atá iontu agus ar an ngá atá le nuashonrú rialta. I measc na ngnéithe sin áirítear, mar shampla, socruithe ***agus sonraíochtaí*** teicniúla maidir le nósanna imeachta um chuardach uathoibrithe, na caighdeáin le haghaidh malartú faisnéise agus na heilimintí sonraí atá le malartú. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur	(21) Ní féidir gnéithe áirithe den chreat Prüm II a chumhdach ar bhealach uileghabhálach leis an Rialachán seo i ngeall ar a nádúr teicniúil, ar an leibhéal mionsonraí atá iontu agus ar an ngá atá le nuashonrú rialta. I measc na ngnéithe sin áirítear, mar shampla, socruithe teicniúla maidir le nósanna imeachta um chuardach uathoibrithe, na caighdeáin***, lena n-áirítear íoschaighdeáin cháilíochta,*** le haghaidh malartú faisnéise agus na heilimintí sonraí atá le malartú. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an

chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[36]

[36] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[36]

[36] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) An Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] (eu-LISA), ba cheart gurbh í an Ghníomhaireacht sin a dhéanfaidh an ródaire a fhorbairt agus bhainistiú, agus ó tharla sin amhlaidh, tá sé riachtanach dá bhrí sin Rialachán (AE) 2018/1726 a leasú ***chun an méid*** sin a chur le cúraimí eu-LISA. ***Chun gur féidir an ródaire a nascadh leis an Tairseach Cuardaigh Eorpach chun cuardaigh chomhuaineacha a dhéanamh sa ródaire agus sa Stóras Coiteann Sonraí Céannachta, is gá Rialachán (AE) 2019/817 a leasú dá bhrí sin. Chun gur féidir an ródaire a nascadh leis an***	(23) An Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] (eu-LISA), ba cheart gurbh í an Ghníomhaireacht sin a dhéanfaidh an ródaire a fhorbairt agus bhainistiú, agus ó tharla sin amhlaidh, tá sé riachtanach dá bhrí sin Rialachán (AE) 2018/1726 a leasú ***d'fhonn an cúram*** sin a chur le cúraimí eu-LISA.

Tairseach Cuardaigh Eorpach chun cuardaigh chomhuaineacha a dhéanamh sa ródaire agus sa Stóras Coiteann Sonraí Céannachta, agus chun tuarascálacha agus staitisticí an ródaire a stóráil sa Stóras Coiteann um Thuairisciú agus Staidreamh, is gá Rialachán (AE) 2019/818 a leasú dá bhrí sin. Dá bhrí sin, ba cheart na Rialacháin sin a leasú dá réir.

---

[37] Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

---

[37] Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(23a) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon comhar póilíneachta trasteorann a mhéadú agus lamháil d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát cuardach a dhéanamh ar dhaoine atá ar iarraidh agus taisí daonna gan aithint a shainaithint, ach de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a**

	ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] , agus thug sé tuairim uaidh ***an [XX][39]***.	(26) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], agus thug sé tuairim uaidh ***an 2 Márta 2022[39]*** .
[38] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).	[38] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).
[39] ***[IO C …]***.	[39] ***IO C 225, 9.6.2022, lch. 6.***

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an Rialachán seo ***bunaítear*** creat chun faisnéis a mhalartú idir údaráis ***atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú*** (Prüm II).	***Bunaítear*** leis an Rialachán seo creat chun faisnéis a mhalartú idir údaráis ***inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát*** (Prüm II).

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an Rialachán seo, leagtar síos na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le ***próifílí DNA,*** sonraí ***dachtalascópacha***, ***íomhánna den aghaidh,*** taifid phóilíneachta agus sonraí áirithe clárúcháin feithicle a chuardach go huathoibríoch mar aon leis na rialacha maidir le malartú ***sonraí lárnacha*** tar éis ***meaitseála***.	Leis an Rialachán seo, leagtar síos na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le sonraí ***bithmhéadracha***, taifid phóilíneachta agus sonraí áirithe clárúcháin feithicle a chuardach go huathoibríoch mar aon leis na rialacha maidir le malartú ***bunsonraí*** tar éis ***meaitseáil dheimhnithe maidir le sonraí bithmhéadracha***.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is é an cuspóir a bheidh ag Prüm II dlús a chur leis an gcomhar trasteorann in ábhair a chumhdaítear le Cuid III, Teideal V, Caibidil 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe malartú faisnéise idir údaráis ***atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú***.	Is é an cuspóir a bheidh ag Prüm II dlús a chur leis an gcomhar trasteorann in ábhair a chumhdaítear le Cuid III, Teideal V, Caibidil 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe malartú faisnéise idir údaráis ***inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát***.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is ***éard is*** cuspóir ***do*** Prüm II freisin ***go bhféadfaidh*** údaráis ***atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú*** cuardach a dhéanamh ar dhaoine atá ar iarraidh agus ***ar thaisí*** daonna gan aithint.	Is ***é an*** cuspóir ***a bheidh le*** Prüm II freisin ***lamháil d'***údaráis ***inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát*** cuardach a dhéanamh ar dhaoine atá ar iarraidh agus ***sainaithint taisí*** daonna gan aithint***, ar choinníoll go bhfuil sé de chumhacht ag na húdaráis sin cuardaigh den sórt sin a dhéanamh agus sainaithint den sórt sin a dhéanamh faoin dlí náisiúnta***.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na bunachair sonraí náisiúnta a úsáidtear chun catagóirí próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, íomhánna den aghaidh, taifid phóilíneachta agus sonraí áirithe clárúcháin feithicle a aistriú go huathoibríoch.	Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na bunachair sonraí náisiúnta a úsáidtear chun catagóirí ***sonraí*** próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, íomhánna den aghaidh, taifid phóilíneachta agus sonraí áirithe clárúcháin feithicle a aistriú go huathoibríoch.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn ‘lócais’ ***an struchtúr móilíneach faoi leith ag na*** láithreacha ***éagsúla*** DNA;	(1) ciallaíonn ‘lócais’ láithreacha DNA ***ina bhfuil saintréithe aitheantais de shampla DNA daonna a ndearnadh anailís air***;

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn ‘próifíl DNA’ cód litreacha nó uimhreacha a ***léiríonn tacar saintréithe aitheantais den chuid neamhchódúcháin de shampla DNA daonna a ndearnadh anailís air***, an struchtúr móilíneach faoi leith ag na ***láithreacha*** éagsúla ***DNA***;	(2) ciallaíonn ‘próifíl DNA’ cód litreacha nó uimhreacha a ***ionadaíonn do thacar lócas***, ***nó*** an struchtúr móilíneach faoi leith ag na ***lócais*** éagsúla;

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ciallaíonn ‘cuid neamhchódúcháin de DNA’ réigiúin chrómasómacha nach sloinntear go géiniteach, i.e. nach eol go soláthraíonn siad aon airí feidhmiúil atá ag orgánach;	***scriosta***

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn ‘próifíl DNA ***thagartha***’ próifíl DNA duine shainaitheanta;	(5) ciallaíonn ‘próifíl DNA ***[...] shainaitheanta***’ próifíl DNA duine shainaitheanta;

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8b) ciallaíonn ‘sonraí dachtalascópacha gan aithint’ na sonraí dachtalascópacha a fhaightear ó rianta a bhailítear le linn cionta coiriúla a imscrúdú agus a bhaineann le duine nach bhfuil sainaitheanta go fóill;

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) ciallaíonn ‘sonraí tagartha íomhá den aghaidh’ íomhá den aghaidh agus an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal 23;

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10c) ciallaíonn 'íomhá den aghaidh gan aithint' an íomhá den aghaidh a fhaightear ó rianta a bhailítear le linn cionta coiriúla a imscrúdú agus a bhaineann le duine nach bhfuil sainaitheanta go fóill;

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) ciallaíonn "sonraí alfa-uimhriúla" sonraí a léirítear le litreacha, le digití, le saincharachtair, le spásanna agus le comharthaí poncaíochta;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) ciallaíonn 'meaits' ceangal comhfhreagrach a bheith ann mar thoradh ar chomparáid uathoibrithe idir sonraí pearsanta atá taifeadta ***nó atá á dtaifeadadh*** i ***gcóras faisnéise nó i*** mbunachar sonraí;	(12) ciallaíonn 'meaits' ceangal comhfhreagrach a bheith ann mar thoradh ar chomparáid uathoibrithe idir sonraí pearsanta atá ***á dteachtadh ag an mBallstát iarrthach agus sonraí pearsanta atá*** taifeadta i mbunachar sonraí ***an Bhallstáit iarrtha***;

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) ciallaíonn 'Ballstát iarrtha' an Ballstát ar ***leise an na*** bunachair sonraí ***ina ndéanann*** an Ballstát iarrthach an cuardach trí Prüm II;	(15) ciallaíonn 'Ballstát iarrtha' an Ballstát ar ***ina*** bunachair sonraí ***a dhéanann*** an Ballstát iarrthach an cuardach trí Prüm II;

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ciallaíonn 'taifid phóilíneachta' ***aon fhaisnéis*** atá ar fáil ***sa chlár*** náisiúnta ***nó sna cláir náisiúnta ina dtaifeadtar sonraí údarás inniúil,*** ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;	(16) Ciallaíonn 'taifid phóilíneachta' ***faisnéis bheathaisnéiseach' faoi daoine*** atá ***faoi dhrochamhras agus daoine ciontaithe atá*** ar fáil ***sna bunachair sonraí*** náisiúnta ***arna mbunú*** ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) ciallaíonn 'ainm bréige a chur i bhfeidhm' ***sonraí pearsanta*** a ***phróiseáil ar chaoi nach féidir na sonraí pearsanta a*** chur i ***leith ábhar sonraí ar leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar***	(17) ciallaíonn 'ainm bréige a chur i bhfeidhm' ***ainm bréige*** a chur i ***bhfeidhm mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Threoir (AE) 2016/680***;

choinníoll go gcoimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú nach gcuirtear na sonraí pearsanta i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) ciallaíonn 'íospartach na coireachta tromchúisí nó na sceimhlitheoireachta' duine a ndéanann cion faoin dlí náisiúnta dochar dó nó di a chomhfhreagraíonn nó atá coibhéiseach do cheann de na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa nó cion a chomhfhreagraíonn le ceann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle, nó atá coibhéiseach le ceann acu, má tá sé inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse de 3 bliana ar a laghad;

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 17 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"(17b) Ciallaíonn 'údaráis ainmnithe' údaráis ainmnithe sna Ballstáit mar a

shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (26), de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], Airteagal 2(1), pointe (e), de Chinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle[1b], agus Airteagal 3(1), pointe (21), de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1c];

[1a] Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

[1b] Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain chomhairliúcháin ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) ag údaráis ainmnithe na mBallstát agus ag Europol chun críocha coisc, braite agus imscrúdaithe i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile IO L 218, 13.8.2008, lch. 129).

[1c] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) ciallaíonn ‘sonraí Europol’ aon sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag Europol i gcomhréir le ***Rialachán*** (AE) 2016/794;	(18) ciallaíonn ‘sonraí Europol’ aon sonraí pearsanta ***oibríochtúla*** arna bpróiseáil ag Europol i gcomhréir le ***Rialachán*** (AE) 2016/794;

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Ciallaíonn ‘údarás inniúil forfheidhmithe dlí’ aon údarás póilíneachta, custaim nó eile de chuid Ballstáit atá inniúil chun údarás a fheidhmiú agus bearta comhéigneacha a dhéanamh faoin dlí náisiúnta d’fhonn cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) ciallaíonn ‘SIENA’ ***an*** Feidhmchlár Líonra ***um Malartú*** Slán ***Faisnéise***, arna bhainistiú ag Europol, ***feidhmchlár atá***	(20) Ciallaíonn ‘Siena’ feidhmchlár líonra ***malartaithe faisnéise*** slán, arna bhainistiú ag Europol ***i gcomhréir le***

dírithe ar mhalartú faisnéise a éascú ***idir na Ballstáit agus Europol***;	***Rialachán (AE) 2016/794***, ***arb é is aidhm dó malartú*** faisnéise ***oibríochtúla agus faisnéis straitéiseach*** a ***bhaineann le coireacht a*** éascú ***agus tarchur slán na faisnéise sin a áirithiú***;

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) ciallaíonn ‘teagmhas suntasach’ ***aon*** teagmhas ***ach amháin más teagmhas é a bhfuil tionchar teoranta aige*** agus ***gur dócha go dtuigfear go maith é cheana ó thaobh cur chuige nó teicneolaíochta de***;	(21) ciallaíonn ‘teagmhas suntasach’ teagmhas ***suntasach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (7) de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle[1a] [2022/0085(COD)]***;
	[1a] Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (IO...).

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) ciallaíonn ‘cibearbhagairt shuntasach’ cibearbhagairt a ***bhfuil an rún, an deis agus an cumas aici teagmhas suntasach a chruthú***;	(22) ciallaíonn ‘cibearbhagairt shuntasach’ cibearbhagairt ***mar*** a ***shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (11) de Rialachán (AE) .../... [2022/0085(COD)***;

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) ciallaíonn ‘leochaileacht shuntasach’ leochaileacht ***ar dócha go mbeidh teagmhas suntasach mar thoradh uirthi má bhaintear leas aisti***;	(23) ciallaíonn ‘leochaileacht shuntasach’ leochaileacht ***shuntasach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13) de Rialachán (AE) .../... [2022/0085(COD)]***;

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Comhaid anailíse DNA náisiúnta a bhunú	***Bunachair sonraí*** DNA náisiúnta a bhunú

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit ***comhaid anailíse*** DNA náisiúnta a oscailt agus a choimeád chun cionta coiriúla a imscrúdú.	1. Déanfaidh na Ballstáit ***bunachair sonraí*** DNA náisiúnta a oscailt agus a choimeád chun cionta coiriúla a ***chosc, a bhrath agus a*** imscrúdú.

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An phróiseáil sonraí a choimeádtar sna ***comhaid*** sin faoin Rialachán seo, déanfar i gcomhréir leis an Rialachán seo í, agus i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát is infheidhme maidir le próiseáil na sonraí sin.	An phróiseáil sonraí a choimeádtar sna ***bunachair sonraí*** sin faoin Rialachán seo, déanfar i gcomhréir leis an Rialachán seo í, agus i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát is infheidhme maidir le próiseáil na sonraí sin.

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ***fáil ar na*** sonraí tagartha DNA ***ina gcomhaid anailíse*** DNA náisiúnta dá dtagraítear i mír 1.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sonraí tagartha DNA ***ar fáil óna mbunachair sonraí*** DNA náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 ***ar mhaithe le cuardaigh uathoibrithe ag Ballstáit eile de bhun an Rialacháin seo***.

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh aon sonraí lenar féidir duine aonair a shainaithint go díreach i sonraí tagartha DNA.	Ní bheidh aon sonraí ***ainmniúla breise*** lenar féidir duine aonair a shainaithint go díreach i sonraí tagartha DNA.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh ***sé le haithint gur sonraí tagartha nach bhfuil curtha i leith aon duine aonair (***próifílí DNA ***gan aithint) iad sonraí dá leithéid***.	Beidh próifílí DNA ***neamhaitheanta inaitheanta mar phróifílí DNA neamhaitheanta***.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun saintréithe aitheantais próifíle DNA atá le malartú agus na ceanglais íosta do mheaits a shonrú, agus caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha á gcur san áireamh. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Ceadóidh*** na Ballstáit do ***na pointí*** teagmhála náisiúnta ***dá dtagraítear in Airteagal 29*** agus do Europol ***rochtain a bheith acu ar na sonraí tagartha DNA ina***	1. ***Chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, lamhálfaidh*** na Ballstáit do ***phointí*** teagmhála náisiúnta ***na mBallstát eile*** agus do Europol cuardaigh

gcomhaid anailíse DNA, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh ***trí phróifílí*** DNA a chur i gcomparáid ***le chéile ar mhaithe le cionta coiriúla a imscrúdú***.

uathoibrithe a dhéanamh ***ar na próifílí*** DNA ***ina mbunachair sonraí DNA arna mbunú chun na críche sin agus na próifílí DNA sin*** a chur i gcomparáid ***lena bpróifílí DNA***.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní ***fhéadfar*** cuardaigh ***a dhéanamh*** ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.	Ní ***dhéanfar*** cuardaigh ach amháin i gcásanna aonair***, i gcás ina bhfuil siad comhréireach*** agus ***riachtanach chun cion coiriúil a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus*** i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Má léiríonn cuardach uathoibrithe go meaitseálann an phróifíl DNA soláthartha leis na próifílí DNA a ***iontráladh i gcomhad*** cuardaigh an Bhallstáit iarrtha, gheobhaidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh, ar bhealach uathoibrithe, na sonraí tagartha DNA lenar aimsíodh ***meaitseáil***.	2. Má léiríonn cuardach uathoibrithe go meaitseálann an phróifíl DNA soláthartha leis na próifílí DNA a ***stóráladh i mbunachar sonraí nó bunachair sonraí*** cuardaigh an Bhallstáit iarrtha, gheobhaidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh, ar bhealach uathoibrithe, na sonraí tagartha DNA lenar aimsíodh ***meaits***.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Murab ann do mheaits, tabharfar fógra don Bhallstát iarrthach ina leith ar bhealach uathoibrithe.	***scriosta***

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Deimhneoidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh go bhfuil meaits idir sonraí ***próifílí*** DNA agus sonraí tagartha DNA atá ina seilbh ag an mBallstát iarrtha tar éis sholáthar uathoibrithe na sonraí tagartha DNA is gá chun meaits a dheimhniú.	3. Deimhneoidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh ***de láimh*** go bhfuil meaits idir sonraí ***próifíle*** DNA agus sonraí tagartha DNA atá ina seilbh ag an mBallstát iarrtha tar éis sholáthar uathoibrithe na sonraí tagartha DNA is gá chun meaits a dheimhniú.

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit, trína bpointí teagmhála náisiúnta, próifílí DNA a bpróifílí DNA gan aithint a chur i gcomparáid le gach próifíl DNA ó ***chomhaid*** anailíse DNA náisiúnta eile chun cionta coiriúla a imscrúdú. Soláthrófar próifílí agus cuirfear i gcomparáid iad ar bhealach uathoibrithe.	1. Féadfaidh na Ballstáit, trína bpointí teagmhála náisiúnta, próifílí DNA a bpróifílí DNA gan aithint a chur i gcomparáid le gach próifíl DNA ó ***bhunachair sonraí*** anailíse DNA náisiúnta eile chun cionta coiriúla a imscrúdú. Soláthrófar próifílí agus cuirfear i gcomparáid iad ar bhealach uathoibrithe.

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Má mheasann Ballstát iarrtha, de thoradh na comparáide dá dtagraítear i mír 1, go meaitseálann aon phróifíl DNA soláthartha le haon cheann de na próifílí atá ina ***chomhaid*** anailíse DNA, déanfaidh sé na sonraí tagartha DNA ar thángthas ar ***mheaitseáil leo*** a sholáthar gan mhoill do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.	2. Má mheasann Ballstát iarrtha, de thoradh na comparáide dá dtagraítear i mír 1, go meaitseálann aon phróifíl DNA soláthartha le haon cheann de na próifílí atá ina ***bhunachar sonraí*** anailíse DNA, déanfaidh sé na sonraí tagartha DNA ar thángthas ar ***mheaits dóibh*** a sholáthar gan mhoill do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh meaits a dheimhniú idir próifílí DNA agus sonraí tagartha DNA atá i seilbh an Bhallstáit iarrtha tar éis sholáthar uathoibrithe na sonraí tagartha DNA is gá chun meaits a dheimhniú.	3. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh meaits a dheimhniú ***de láimh*** idir próifílí DNA agus sonraí tagartha DNA atá i seilbh an Bhallstáit iarrtha tar éis sholáthar uathoibrithe na sonraí tagartha DNA is gá chun meaits a dheimhniú.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 8	***scriosta***
Tuairisciú ar chomhaid anailíse DNA	
Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún agus eu-LISA ar an eolas faoi na comhaid anailíse DNA náisiúnta, comhaid a bhfuil feidhm ag Airteagail 5 go 7 maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 73.	

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le ***hAirteagail 47 agus 48***;	(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le ***hAirteagal 47 nó do Europol i gcomhréir le hAirteagal 50(6)***;

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) uimhir thagartha lena bhféadfaidh Europol, i gcás meaits, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil chun críocha Airteagal 49(1) agus chun iad nó í a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt

Ballstát nó do na Ballstáit go léir i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794;

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cód chun an cineál próifíle DNA (próifílí DNA ***tagartha*** nó próifílí DNA gan aithint) a léiriú.	(c) cód chun an cineál próifíle DNA (próifílí DNA ***sainaitheanta*** nó próifílí DNA gan aithint) a léiriú.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Déanfar*** bearta iomchuí chun rúndacht agus sláine a áirithiú i gcás na sonraí tagartha DNA a chuirtear chuig Ballstáit eile, lena n-áirítear criptiú na sonraí sin.	1. ***Déanfaidh na Ballstáit agus Europol, i gcás inarb infheidhme,*** bearta iomchuí chun rúndacht agus sláine a áirithiú i gcás na sonraí tagartha DNA a chuirtear chuig Ballstáit eile ***nó chuig Europol***, lena n-áirítear criptiú na sonraí sin.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is	2. Déanfaidh na Ballstáit ***agus***

gá chun sláine a ráthú i gcás na bpróifílí DNA a chuirtear ar fáil do na Ballstát eile nó a sheoltar chucu chun comparáid a dhéanamh agus chun a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le malartú sonraí DNA leis na bearta sin.

Europol na bearta is gá chun sláine a ráthú i gcás na bpróifílí DNA a chuirtear ar fáil do na Ballstát eile nó a sheoltar chucu chun comparáid a dhéanamh agus chun a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin ***Eorpacha nó*** idirnáisiúnta ábhartha maidir le malartú sonraí DNA leis na bearta sin.

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun na caighdeáin idirnáisiúnta ***ábhartha*** a shonrú ***atá le húsáid ag*** na Ballstáit chun sonraí tagartha DNA a mhalartú. ***Déanfar na gníomhartha*** cur chun feidhme sin ***a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).	3. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun ***íoscheanglais cháilíochta a bhunú a bheidh le comhlíonadh ag sonraí tagartha DNA agus chun*** na caighdeáin ***ábhartha Eorpacha nó*** idirnáisiúnta a shonrú ***a úsáidfidh*** na Ballstáit ***agus Europol*** chun sonraí tagartha DNA a mhalartú. ***Glacfar an gníomh*** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) na cineálacha próifílí DNA arna dtarchur (próifílí DNA gan aithint nó próifílí DNA ***tagartha***).	(d) na cineálacha próifílí DNA arna dtarchur (próifílí DNA gan aithint nó próifílí DNA ***sainaitheanta***).

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) an cineál próifílí DNA a tarchuireadh (próifílí DNA gan aithint nó próifílí DNA ***tagartha***);	(f) an cineál próifílí DNA a tarchuireadh (próifílí DNA gan aithint nó próifílí DNA ***sainaitheanta***);

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní thabharfar fógra uathoibrithe maidir le meaits ach amháin i gcás gur meaits ina bhfuil líon íosta lócas atá mar thoradh ar an gcuardach uathoibrithe nó ar an gcomparáid uathoibrithe. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun an líon íosta lócas sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).	3. Ní thabharfar fógra uathoibrithe maidir le meaits ach amháin i gcás gur meaits ina bhfuil líon íosta lócas atá mar thoradh ar an gcuardach uathoibrithe nó ar an gcomparáid uathoibrithe. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun an líon íosta lócas sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil iarrataí i gcomhréir leis na ***dearbhuithe*** a sheoltar de bhun Airteagal ***8***. Déanfar na ***dearbhuithe*** sin a atáirgeadh sa lámhleabhar praiticiúil dá dtagraítear in Airteagal 78.	5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil iarrataí i gcomhréir leis na ***fógraí*** a sheoltar de bhun Airteagal ***73(2a)***. Déanfar na ***fógraí*** sin a atáirgeadh sa lámhleabhar praiticiúil dá dtagraítear in Airteagal 78.

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ***fáil ar na*** sonraí tagartha dachtalascópacha ***ón gcomhad le haghaidh na gcóras uathoibrithe*** náisiúnta ***um shainaithint méarlorg*** a bunaíodh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sonraí tagartha dachtalascópacha ***ar fáil óna mbunachar nó bunachair sonraí*** náisiúnta a bunaíodh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní bheidh aon sonraí lenar féidir duine aonair a shainaithint go díreach i sonraí tagartha dachtalascópacha.	2. Ní bheidh aon sonraí ***ainmniúla breise*** lenar féidir duine aonair a shainaithint go díreach i sonraí tagartha dachtalascópacha.

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh ***sé le haithint gur*** sonraí ***tagartha*** dachtalascópacha ***nach bhfuil curtha i leith aon duine aonair (sonraí dachtalascópacha*** gan aithint***) iad sonraí***	3. Beidh sonraí dachtalascópacha gan aithint ***inaitheanta mar sin***.

dá leithéid.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta Ballstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar na sonraí tagartha dachtalascópacha ***sna córais uathoibrithe um shainaithint méarlorg a bhunaigh siad*** chun na críche sin, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh trí shonraí tagartha dachtalascópacha a chur i gcomparáid le chéile.	1. Chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta Ballstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar na sonraí tagartha dachtalascópacha ***ina mbunachair sonraí náisiúnta arna gcur ar bun*** chun na críche sin, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh trí shonraí tagartha dachtalascópacha a chur i gcomparáid le chéile.

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní ***fhéadfar*** cuardaigh ***a dhéanamh*** ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.	Ní ***dhéanfar*** cuardaigh ach amháin i gcásanna aonair***, i gcás ina bhfuil siad comhréireach*** agus ***riachtanach chun cion coiriúil a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus*** i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Deimhneoidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh go bhfuil meaits idir sonraí dachtalascópacha agus sonraí tagartha dachtalascópacha atá ina seilbh ag an mBallstát iarrtha tar éis sholáthar uathoibrithe na sonraí tagartha dachtalascópacha is gá chun meaits a dheimhniú.	2. Deimhneoidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh ***de láimh*** go bhfuil meaits idir sonraí dachtalascópacha agus sonraí tagartha dachtalascópacha atá ina seilbh ag an mBallstát iarrtha tar éis sholáthar uathoibrithe na sonraí tagartha dachtalascópacha is gá chun meaits a dheimhniú.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás ***meaitseála***, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 12 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le hAirteagail 47 agus 48;	(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás ***meaits***, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 12 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le hAirteagail 47 agus 48***, nó do Europol i gcomhréir le hAirteagal 50(6)***;

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) uimhir thagartha lena bhféadfaidh Europol, i gcás meaits, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil chun críocha Airteagal 49(1) agus chun iad nó í a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit go léir i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794;

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar sonraí dachtalascópacha a dhigitiú agus a tharchur chuig na Ballstáit eile i gcomhréir le formáid aonfhoirmeach sonraí. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun an fhormáid aonfhoirmeach sonraí sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).	1. Déanfar sonraí dachtalascópacha a dhigitiú agus a tharchur chuig na Ballstáit eile ***nó chuig Europol*** i gcomhréir le formáid aonfhoirmeach sonraí. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun an fhormáid aonfhoirmeach sonraí sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh na sonraí dachtalascópacha a tharchuireann sé ar ***chaighdeán sách ard*** chun ***gur féidir*** leis ***na córais uathoibrithe um shainaithint méarlorg comparáid a dhéanamh***.	2. Áiritheoidh gach Ballstát ***agus Europol*** go mbeidh na sonraí dachtalascópacha a tharchuireann sé ar ***cháilíocht leordhóthanach le haghaidh comparáid uathoibrithe. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur*** chun ***feidhme chun an t-íoschaighdeán cáilíochta a shonrú***

	chun sonraí dachtalascópacha a chur i gcomparáid. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis ***an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2)***.

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun rúndacht agus sláine a áirithiú i gcás na sonraí dachtalascópacha a chuirtear chuig Ballstáit eile, lena n-áirítear criptiú na sonraí sin.	3. Déanfaidh na Ballstáit ***agus Europol*** bearta iomchuí chun rúndacht agus sláine a áirithiú i gcás na sonraí dachtalascópacha a chuirtear chuig Ballstáit eile, lena n-áirítear criptiú na sonraí sin.

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme lena sonrófar na caighdeáin ábhartha atá ann cheana maidir le malartú sonraí dachtalascópacha atá le húsáid ag na Ballstáit. ***Déanfar na gníomhartha*** cur chun feidhme sin ***a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).	4. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme lena sonrófar na caighdeáin ábhartha ***Eorpacha nó idirnáisiúnta*** atá ann cheana maidir le malartú sonraí dachtalascópacha atá le húsáid ag na Ballstáit. ***Glacfar an gníomh*** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh ***gach Ballstát*** nach rachaidh a ***iarrataí*** cuardaigh thar na hacmhainneachtaí cuardaigh a shonraíonn an Stát iarrtha.	1. Áiritheoidh ***na Ballstáit agus Europol*** nach rachaidh a ***n-iarrataí*** cuardaigh thar na hacmhainneachtaí cuardaigh a shonraíonn an Stát iarrtha.

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus eu-LISA ar an eolas ***i gcomhréir le hAirteagal 79(8) agus (10)*** faoina n-acmhainneachtaí cuardaigh uasta in aghaidh an lae i gcás sonraí dachtalascópacha de chuid daoine sainaitheanta agus i gcás sonraí dachtalascópacha de chuid daoine nár sainaithníodh go fóill.	Cuirfidh na Ballstáit ***na Ballstáit eile, Europol*** an Coimisiún***, Europol*** agus eu-LISA ar an eolas faoina n-acmhainneachtaí cuardaigh uasta in aghaidh an lae i gcás sonraí dachtalascópacha de chuid daoine sainaitheanta agus i gcás sonraí dachtalascópacha de chuid daoine nár sainaithníodh go fóill. ***Féadfaidh na Ballstáit na huasacmhainneachtaí cuardaigh sin a ardú. I gcás ina n-ardóidh Ballstát na huasacmhainneachtaí cuardaigh sin, tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit eile, do Europol, don Choimisiún agus do eu-LISA maidir leis na huasacmhainneachtaí cuardaigh nua.***

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar an líon uasta iarrthóirí a ghlactar leis in aghaidh an tarchurtha chun ***compáráid*** a dhéanamh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).	2. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar an líon uasta iarrthóirí a ghlactar leis in aghaidh an tarchurtha chun ***comparáid*** a dhéanamh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) sonraí a bhaineann le húinéirí nó le ***hoibreoirí***;	(a) sonraí a bhaineann le húinéirí nó le ***coimeádaithe***;

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar na heilimintí sonraí a bhaineann leis na sonraí clárúcháin ***feithicle atá le malartú. Déanfar na gníomhartha*** cur chun feidhme sin ***a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).	3. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar na heilimintí sonraí a bhaineann leis na sonraí clárúcháin ***feithiclí a d'fhéadfaí a mhalartú. Glacfar an gníomh*** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Coinneoidh gach Ballstát logaí de chuardaigh a dhéanann foireann a údarás atá cuí-údaraithe chun sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú mar aon le logaí de chuardaigh arna n-iarraidh ag Ballstáit eile. Déanfaidh Europol logaí a choinneáil de chuardaigh a dhéanann a fhoireann chuí-údaraithe.	1. Coinneoidh gach Ballstát logaí de chuardaigh a dhéanann foireann a údarás ***inniúil forfheidhmithe dlí*** atá cuí-údaraithe chun sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú mar aon le logaí de chuardaigh arna n-iarraidh ag Ballstáit eile. Déanfaidh Europol logaí a choinneáil de chuardaigh a dhéanann a fhoireann chuí-údaraithe.

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***aon*** bhliain ***amháin*** tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.	Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***dhá*** bhliain tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íomhánna ***den aghaidh*** ar fáil ina mbunachair sonraí náisiúnta a bunaíodh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Ní áireofar ar na sonraí sin ach íomhánna den aghaidh agus an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal 23, agus tabharfar le fios iontu cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na híomhánna den aghaidh i leith duine aonair.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íomhánna ***d'aghaidheanna amhrastach agus daoine ciontaithe, arb íomhanna iad arna mbailiú i gcomhréir lena ndlí náisiúnta*** ar fáil ina mbunachair sonraí náisiúnta a bunaíodh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Ní áireofar ar na sonraí sin ach íomhánna den aghaidh agus an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal 23, agus tabharfar le fios iontu cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na híomhánna den aghaidh i leith duine aonair.

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sa chomhthéacs ***siní***, ní chuirfidh na Ballstáit aon sonraí ar fáil ónar féidir duine aonair a shainaithint go díreach.	Sa chomhthéacs ***sin***, ní chuirfidh na Ballstáit aon sonraí ***ainmniúla breise*** ar fáil ónar féidir duine aonair a shainaithint go díreach.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Ní mór é a bheith le haithint gur*** íomhánna ***den aghaidh nach bhfuil curtha i leith aon duine aonair (íomhánna den aghaidh*** gan aithint***) iad sonraí dá leithéid***.	2. ***Beidh*** íomhánna ***aghaidhe*** gan aithint ***inaitheanta mar sin***.

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar ***íomhánna*** den aghaidh atá stóráilte ina mbunachair sonraí náisiúnta, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh.	1. Ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar ***na sonraí tagartha d'íomhanna*** den aghaidh atá stóráilte ina mbunachair sonraí náisiúnta, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh.

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní ***fhéadfar*** cuardaigh ***a dhéanamh*** ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.	Ní ***dhéanfar*** cuardaigh ach amháin i gcásanna aonair***, i gcás ina bhfuil siad comhréireach*** agus ***riachtanach chun cion coiriúil a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus*** i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh. ***Toirmiscfear cuardaigh chun críche próifílithe.***

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gheobhaidh an Ballstát iarrthach liosta ***de mheaitseanna a bhaineann le sonraí ar dócha gur*** iarrthóirí ***iad***. Déanfaidh an Ballstát sin athbhreithniú ar an liosta chun a chinneadh an ann do mheaits deimhnithe.	2. Gheobhaidh an Ballstát iarrthach liosta ***ar a bhfuil*** iarrthóirí. Déanfaidh an Ballstát sin athbhreithniú ***de láimh*** ar an liosta chun a chinneadh an ann do mheaits deimhnithe.

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Bunófar íoschaighdeán cáilíochta ionas gur féidir íomhánna den aghaidh a chuardach agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an t-íoschaighdeán cáilíochta sin a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).	***scriosta***

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás ***meaits***, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 21 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do	(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás ***meaitseála***, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 21 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do

na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le ***hAirteagail 47 agus 48***;	na Ballstáit eile go léir i gcomhréir ***le hAirteagal 47 nó dó Europol i gcomhréir*** le ***hAirteagal 50(6)***;

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 23a
	Prionsabail maidir le malartú íomhánna den aghaidh
	1. Áiritheoidh gach Ballstát agus go mbeidh na híomhánna den aghaidh a tharchuireann sé ar cháilíocht leordhóthanach le haghaidh comparáid uathoibrithe. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun an t-íoschaighdeán cáilíochta a shonrú chun íomhánna den aghaidh a chur i gcomparáid. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).
	2. Déanfaidh na Ballstáit agus Europol bearta iomchuí chun rúndacht agus sláine a áirithiú i gcás na n-íomhánna den aghaidh a chuirtear chuig Ballstáit eile, lena n-áirítear criptiú na sonraí sin.
	3. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a shonrú atá le húsáid ag na Ballstáit chun íomhanna den aghaidh a mhalartú. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Taifead póilíneachta	***Innéacs náisiúnta na dtaifead*** póilíneachta

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh a bheith rannpháirteach i malartú uathoibrithe taifead póilíneachta. Áiritheoidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach i malartú uathoibrithe taifead póilíneachta go mbeidh fáil ar shonraí beathaisnéiseacha ***de chuid*** daoine atá faoi dhrochamhras ***agus de chuid coirpeach***, sonraí ***óna n-innéacsanna*** náisiúnta ***de thaifid phóilíneachta a bunaíodh*** chun cionta coiriúla a imscrúdú. Beidh na sonraí seo a leanas ***sa tacar*** sonraí sin, ***má tá*** fáil ***orthu***:	1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh a bheith rannpháirteach i malartú uathoibrithe taifead póilíneachta. ***Chun críocha malartuithe den sórt sin,*** áiritheoidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach i malartú uathoibrithe taifead póilíneachta go mbeidh fáil ar ***innéacsanna náisiúnta de thaifid phóilíneachta, ina mbeidh tacair de*** shonraí beathaisnéiseacha daoine atá faoi dhrochamhras ***nó a ciontaíodh i leith cion dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/794 nó in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle***, ***ó bhunachair*** sonraí náisiúnta ***arna mbunú*** chun cionta coiriúla a ***chosc, a bhrath agus a*** imscrúdú. Beidh na sonraí seo a leanas ***sna tacair*** sonraí sin, ***más infheidhme agus a mhéid atá siad ar*** fáil:

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ailias(ailiasanna);	(c) ailias(ailiasanna) ***agus ainm(ainmneacha) a úsáideadh roimhe sin***;

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Threoir (AE) 2016/680, go mbeidh na sonraí a áirítear sna hinnéacsanna náisiúnta de thaifid póilíneachta cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ar mhaithe le cionta coiriúla a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar shonraí ***óna*** n-innéacsanna náisiúnta de thaifid phóilíneachta, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh.	1. Ar mhaithe le cionta coiriúla a ***chosc, a bhrath agus a*** imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit ***a bheidh rannpháirteach i malartú uathoibrithe taifead póilíneachta*** do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile ***atá rannpháirteach i malartuithe den sórt sin*** agus do Europol rochtain a bheith acu ar shonraí ***ina*** n-innéacsanna náisiúnta de thaifid

	phóilíneachta, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh.

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní ***fhéadfar*** cuardaigh ***a dhéanamh*** ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.	Ní ***dhéanfar*** cuardaigh ach amháin i gcásanna aonair***, i gcás ina bhfuil siad comhréireach*** agus ***riachtanach chun cion coiriúil a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus*** i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gheobhaidh an Ballstát iarrthach an liosta meaitseanna ar a mbeidh léiriú ar cháilíocht na meaitseanna.	***scriosta***
Cuirfear an Ballstát iarrthach ar an eolas freisin faoin mBallstát a bhfuil sonraí ina bhunachar sonraí féin, ar sonraí iad a thug an meaits.	

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí pearsanta agus faisnéis eile a aisghabháil ina n-innéacsanna dá dtagraítear in Airteagal 25 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit go léir i gcomhréir le ***hAirteagail 47 agus 48***;	(a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí pearsanta agus faisnéis eile a aisghabháil ina n-innéacsanna ***náisiúnta de thaifid phóilíneachta*** dá dtagraítear in Airteagal 25 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit go léir i gcomhréir le ***hAirteagal 44***;

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) na ***taifid phóilíneachta agus a n-uimhreacha tagartha*** dá dtagraítear in Airteagal ***27***.	(c) na ***sonraí*** dá dtagraítear in Airteagal ***25(1), i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus faoi ainm bréige i gcomhréir le hAirteagal 25(2)***.

Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) léiriú i dtaobh ***cé acu a bhí meaits amháin nó níos mó ann nó nach raibh aon mheaits ann***;	(a) léiriú i dtaobh ***líon na meaitseanna***;

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta.	Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta ***amháin ar a laghad***.

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Cuirfidh na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha ar fáil dá bpointí teagmhála náisiúnta, lena n-áirítear baill foirne cháilithe, agus áiritheoidh siad go mbeidh cumas leordhóthanach acu a gcúraimí a chur i gcrích ar bhealach leordhóthanach, éifeachtach agus tapa i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun na socruithe teicniúla a shonrú ***le haghaidh*** na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 6, 7, 13, 18, 22 agus 26. ***Déanfar na gníomhartha*** cur chun feidhme sin ***a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).	Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun na socruithe teicniúla ***atá le déanamh ag na Ballstáit*** a shonrú ***maidir leis*** na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 6, 7, 13, 18, 22 agus 26. ***Glacfar an gníomh*** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 31	***scriosta***
Sonraíochtaí teicniúla	
Urramóidh na Ballstáit agus Europol sonraíochtaí teicniúla coiteanna i dtaca le gach iarraidh agus gach freagra a bhaineann le próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí clárúcháin feithicle, íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na sonraíochtaí teicniúla sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).	

Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh pointí teagmhála náisiúnta na pointe teagmhála náisiúnta eile, an Coimisiún, Europol agus eu-LISA ar an eolas láithreach ***faoi locht teicniúil a fhágann*** nach bhfuil fáil ar mhalartú sonraí uathoibrithe.	2. Cuirfidh pointí teagmhála náisiúnta na pointe teagmhála náisiúnta eile, an Coimisiún, Europol agus eu-LISA ar an eolas láithreach ***i gcás*** nach bhfuil fáil ar mhalartú sonraí uathoibrithe.

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tiocfaidh na pointí teagmhála náisiúnta ar chomhaontú maidir le socruithe sealadacha maidir le malartú faisnéise i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.	***I gcás nach bhfuil fáil ar mhalartú sonraí uathoibrithe,*** tiocfaidh na pointí teagmhála náisiúnta ar chomhaontú maidir le socruithe sealadacha maidir le malartú faisnéise i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Déanfaidh*** na pointí teagmhála náisiúnta ***an malartú sonraí uathoibrithe a chur ar bun arís*** gan mhoill.	3. ***I gcás nach bhfuil an malartú sonraí uathoibrithe ar fáil, áiritheoidh*** na pointí teagmhála náisiúnta ***go ndéanfar é a athbhunú*** gan mhoill.

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Coinneoidh gach Ballstát an réasúnú atá leis na cuardaigh a dhéanfaidh a údaráis inniúla.	1. Coinneoidh gach Ballstát an réasúnú atá leis na cuardaigh a dhéanfaidh a údaráis inniúla ***um fhorfheidhmiú an dlí***.

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) léiriú i dtaobh an mbaineann an cuardach le duine atá faoi dhrochamhras nó le déantóir ciona choiriúil;	(b) léiriú i dtaobh an mbaineann an cuardach le duine atá faoi dhrochamhras nó le déantóir ciona choiriúil***, le híospartach ciona sceimhlitheoireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (21), de Rialachán (AE) 2019/817, le híospartach ciona choiriúil thromchúisigh mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (22), den Rialachán sin, le duine atá ar iarraidh nó le taisí daonna gan aithint***;

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) léiriú i dtaobh an bhfuil sé d'aidhm ag an gcuardach duine ***anaithnid*** a shainaithint nó tuilleadh sonraí a fháil faoi dhuine aitheanta.	(c) léiriú i dtaobh an bhfuil sé d'aidhm ag an gcuardach duine a shainaithint nó tuilleadh sonraí a fháil faoi dhuine aitheanta.

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Úsáidfear bearta iomchuí chun na réasúnuithe sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***aon***	Úsáidfear bearta iomchuí chun na réasúnuithe sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***2***

bhliain ***amháin*** tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na réasúnuithe sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.	bhliain tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na réasúnuithe sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.
	Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Úsáidfear caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) i bhforbairt an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 35 agus i bhforbairt EPRIS.	1. ***A mhéid is infheidhme é,*** úsáidfear caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) ***dá dtagraítear in Airteagal 38 de Rialachán (AE)2019/817*** i bhforbairt an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 35 agus i bhforbairt EPRIS.
	Or. en

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunaítear ródaire chun críche bunú nasc a éascú idir na Ballstáit agus le Europol chun sonraí bithmhéadracha a chuardach, a aisghabháil agus a scóráil i gcomhréir leis an Rialachán seo.	1. Bunaítear ródaire chun críche bunú nasc a éascú idir na Ballstáit agus le Europol chun sonraí bithmhéadracha a chuardach, a aisghabháil agus a scóráil ***agus sonraí alfa-uimhriúla a aisghabháil*** i gcomhréir leis an Rialachán seo.
	Or. en

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bealach cumarsáide slán idir na ***Ballstáit agus gníomhaireachtaí*** an ***Aontais atá i dteideal an*** ródaire a úsáid;	(b) bealach cumarsáide slán idir ***údaráis inniúla*** na ***mBallstát um fhorfheidhmiú*** an ***dlí atá údaraithe an*** ródaire a úsáid ***i gcomhréir le hAirteagal 36 agus Europol***;

Or. en

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is ag údaráis na mBallstát ***a bhfuil rochtain acu ar phróifílí*** DNA, sonraí dachtalascópacha agus íomhánna d'aghaidh a mhalartú***, agus ag Europol,*** i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le ***Rialachán (AE) 2016/794, a bheidh úsáid an ródóra*** i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2016/794.	Is ag údaráis ***inniúla*** na mBallstát ***um fhorfheidhmiú an dlí atá údaraithe próifílí*** DNA, sonraí dachtalascópacha agus íomhánna d'aghaidh a ***rochtain agus a*** mhalartú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le ***Europol*** i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2016/794.

Or. en

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Iarrfaidh ***na húsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 36*** cuardach trí shonraí bithmhéadracha a chur ***chuig*** an ródaire. Seolfaidh an ródaire an iarraidh ar chuardach chuig bunachair sonraí na	1. ***Na húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí atá údaraithe an ródaire a rochtain i gcomhréir le hAirteagal 36,*** iarrfaidh ***siad*** cuardach trí shonraí bithmhéadracha a chur ***faoi bhráid***

mBallstát agus sonraí Europol ag an am céanna leis na sonraí arna gcur isteach ag an úsáideoir ***agus*** i gcomhréir lena ***gcearta*** rochtana.	an ródaire. Seolfaidh an ródaire an iarraidh ar chuardach chuig bunachair sonraí na mBallstát ***iarrtha*** agus sonraí Europol ag an am céanna leis na sonraí arna gcur isteach ag an úsáideoir i gcomhréir lena ***chearta*** rochtana.
	Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Tar éis dóibh an*** iarraidh ar chuardach a fháil ón ródaire, seolfaidh gach Ballstát iarrtha agus Europol cuardach ar a mbunachair ***shonraí*** ar mhodh uathoibrithe agus gan mhoill.	2. ***Ar*** iarraidh ar chuardach a fháil ón ródaire, seolfaidh gach Ballstát iarrtha agus Europol cuardach ar a mbunachair ***sonraí*** ar mhodh uathoibrithe agus gan mhoill.
	Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar aon ***mheaitseanna*** a thiocfaidh as ***an gcuardach i mbunachair sonraí gach Ballstáit agus i sonraí Europol*** a sheoladh ar ais go huathoibríoch chuig an ródaire.	3. Déanfar aon ***iarrthóirí*** a thiocfaidh as ***na cuardaigh dá dtagraítear i mír 2*** a sheoladh ar ais go huathoibríoch chuig an ródaire. ***Tabharfar fógra don Bhallstát iarrthach ar bhealach uathoibrithe i gcás nach ann do mheaits.***
	Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh an ródaire na freagraí a rangú de réir scór an chomhfhreagrais idir na sonraí bithmhéadracha a úsáideadh chun cuardach a dhéanamh agus na sonraí bithmhéadracha ***atá stóráilte i mbunachair*** sonraí na mBallstát agus ***i*** sonraí Europol.	4. Déanfaidh an ródaire na freagraí a rangú de réir scór an chomhfhreagrais idir na sonraí bithmhéadracha a úsáideadh chun cuardach a dhéanamh agus na sonraí bithmhéadracha ***a sholáthairbunachair*** sonraí na mBallstát ***iarrtha*** agus sonraí Europol.

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cuirfidh an ródaire an liosta de shonraí bithmhéadracha agus a scóir ar ais chuig ***úsáideoir an ródaire***.	5. Cuirfidh an ródaire an liosta de shonraí bithmhéadracha ***meaitseála*** agus a scóir ar ais chuig ***an mBallstát iarrthach***.

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun an nós imeachta teicniúil a shonrú le haghaidh an ródaire chun bunachair sonraí na mBallstát agus sonraí Europol a chuardach, formáid na bhfreagraí ródaire agus na rialacha teicniúla maidir le comhfhreagras idir sonraí bithmhéadracha a scóráil.	6. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun an nós imeachta teicniúil a shonrú le haghaidh an ródaire chun bunachair sonraí na mBallstát agus sonraí Europol a chuardach, formáid na bhfreagraí ródaire agus na rialacha teicniúla maidir le comhfhreagras idir sonraí bithmhéadracha a scóráil. ***Glacfar***

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin ***a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).	***an gníomh*** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás nach mbeidh na sonraí oiriúnach do chomparáid uathoibrithe, cuirfidh an Ballstát iarrtha an Ballstát iarrthach ar an eolas ***faoin méid sin*** gan mhoill tríd an ródaire.	Cuirfidh an Ballstát iarrtha an Ballstát iarrthach ar an eolas***,*** gan mhoill***,*** tríd an ródaire ***i gcás nach bhfuil na sonraí oiriúnach do chomparáid uathoibrithe***.

Or. en

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Féadfaidh úsáideoirí*** an ródaire ***dá dtagraítear in Airteagal*** 36 cuardach a sheoladh chuig bunachair sonraí na mBallstát agus sonraí Europol ag an am céanna le cuardach chuig an Stór Coiteann Céannachta ***i gcás ina*** gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha faoi dhlí an Aontais agus i gcomhréir lena gcearta rochtana. Chun na críche sin, déanfaidh an ródaire an Stór Coiteann Aitheantais a chuardach tríd an Tairseach Chuardaigh Eorpach.	1. ***I gcás ina n-údaraítear d'údaráis ainmnithe*** an ródaire ***a úsáid i gcomhréir le hAirteagal*** 36***, féadfaidh siad*** cuardach a sheoladh chuig bunachair sonraí na mBallstát agus sonraí Europol ag an am céanna le cuardach chuig an Stór Coiteann Céannachta***, ar choinníoll go*** gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha faoi dhlí an Aontais agus ***go seolfar an cuardach*** i gcomhréir lena gcearta rochtana. Chun na críche sin, déanfaidh an ródaire an Stór Coiteann Aitheantais a chuardach tríd an Tairseach Chuardaigh Eorpach.

Or. en

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is iad na húdaráis ainmnithe a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe 20, de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 4, pointe 20, de Rialachán (AE) 2019/818 amháin a fhéadfaidh na cuardaigh chomhuaineacha sin a sheoladh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfar cuardaigh chomhuaineacha ar bhunachair sonraí na mBallstát agus ar shonraí Europol agus ar an ***Stór*** Coiteann Céannachta a sheoladh ach amháin ***más dócha*** go ndéanfar sonraí maidir le hamhrastach, déantóir nó íospartach ***ciona*** sceimhlitheoireachta ***nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile mar atá sainmhínithe faoi seach in Airteagal 4, pointe 21 agus pointe 22, de Rialachán (AE) 2019/817 agus in Airteagal 4, pointe 21 agus pointe 22 de Rialachán (AE) 2019/818*** a stóráil sa Stór Coiteann Céannachta.	Ní fhéadfar cuardaigh chomhuaineacha ar bhunachair sonraí na mBallstát agus ar shonraí Europol agus ar an ***Stóras*** Coiteann ***Sonraí*** Céannachta a sheoladh ach amháin ***i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint*** go ndéanfar sonraí maidir le hamhrastach, déantóir nó íospartach ***coireachta tromchúisí nó*** sceimhlitheoireachta a stóráil sa Stór Coiteann ***Sonraí*** Céannachta.

Or. en

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Coinneoidh gach Ballstát logaí de na cuardaigh a dhéanfaidh a ***údaráis inniúla agus foireann na*** n-údarás ***sin*** atá cuí-údaraithe chun an ródaire a úsáid mar aon le logaí de na cuardaigh arna n-iarraidh ag Ballstáit eile.	2. Coinneoidh gach Ballstát logaí de na cuardaigh a dhéanfaidh ***foireann*** a n-údarás ***inniúil um fhorfheidhmiú an dlí*** atá cuí-údaraithe chun an ródaire a úsáid mar aon le logaí de na cuardaigh arna n-iarraidh ag Ballstáit eile.

Or. en

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***aon*** bhliain ***amháin*** tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.	Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***2*** bhliain tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirscriosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

Or. en

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 41 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid	1. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid

chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh an ródaire, tabharfaidh eu-LISA fógra ***d'úsáideoirí an ródaire*** ar bhealach uathoibrithe. Glacfaidh eu-LISA bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.	chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh an ródaire, tabharfaidh eu-LISA fógra ***do na húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí dá dtagraítear in Airteagal 36 agus do Europol*** ar bhealach uathoibrithe. Glacfaidh eu-LISA bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.
	Or. en

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 41 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh an Ballstát sin fógra i modh uathoibrithe do na Ballstáit eile, do eu-LISA agus don Choimisiún. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.	2. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh an Ballstát sin fógra i modh uathoibrithe do na Ballstáit eile, do ***Europol, do*** eu-LISA agus don Choimisiún. Déanfaidh na Ballstáit ***lena mbaineann*** bearta ***iomchuí*** chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil ***i ndáil leis*** an ródaire a úsáid gan mhoill.
	Or. en

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 41 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun ***bunachar*** sonraí ***náisiúnta amháin***	3. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun sonraí Europol a chuardach de

nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh bhonneagar Europol, tabharfaidh Europol fógra do na Ballstáit, do eu-LISA agus don Choimisiún ar mhodh uathoibrithe. Glacfaidh Europol bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.	dheasca chliseadh bhonneagar Europol, tabharfaidh Europol fógra do na Ballstáit, do eu-LISA agus don Choimisiún ar mhodh uathoibrithe. Glacfaidh Europol bearta ***iomchuí*** chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.

Or. en

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun ***taifid*** phóilíneachta dá dtagraítear in Airteagal 26 a chuardach go huathoibríoch, úsáidfidh na Ballstáit agus Europol Córas Innéacs Eorpach na dTaifead Póilíneachta (EPRIS).	1. Chun ***innéacsanna náisiúnta de thaifid*** phóilíneachta dá dtagraítear in Airteagal 26 a chuardach go huathoibríoch, úsáidfidh na Ballstáit agus Europol Córas Innéacs Eorpach na dTaifead Póilíneachta (EPRIS).

Or. en

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun ***taifid*** phóilíneachta a chuardach trí EPRIS, úsáidfear na tacair sonraí seo a leanas:	1. Chun ***innéacsanna náisiúnta de thaifid*** phóilíneachta a chuardach trí EPRIS, úsáidfear ***dhá cheann, ar a laghad, de*** na tacair sonraí seo a leanas:

Or. en

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ailias(ailiasanna);	(a) ailias(ailiasanna) ***agus ainm(ainmneacha) a úsáideadh roimhe sin***;

Or. en

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Seolfaidh EPRIS an iarraidh ar chuardach chuig ***bunachair sonraí*** na mBallstát i dteannta na sonraí arna gcur isteach ag an mBallstát iarrthach agus i gcomhréir leis an Rialachán seo.	Seolfaidh EPRIS an iarraidh ar chuardach chuig ***innéacsanna náisiúnta de thaifid phóilíneachta*** na mBallstát i dteannta na sonraí arna gcur isteach ag an mBallstát iarrthach ***nó Europol*** agus i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar aon mheaitseanna a thiocfaidh as an gcuardach ***i mbunachar sonraí*** gach Ballstáit a sheoladh ar ais go huathoibríoch chuig EPRIS.	3. Déanfar aon mheaitseanna a thiocfaidh as an gcuardach ***in innéacs de thaifid phóilíneachta*** gach Ballstáit ***iarrtha*** a sheoladh ar ais go huathoibríoch chuig EPRIS.

Or. en

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Cuirfidh EPRIS liosta na meaitseálacha ar ais chuig an mBallstát iarrthach. Léireofar sa liosta meaitseálacha cáilíocht ***an mheaitseála*** agus an Ballstát a bhfuil sonraí ina ***bhunachar*** sonraí a raibh ***an meaits*** mar thoradh ***air***.	4. Cuirfidh EPRIS liosta na meaitseálacha ar ais chuig an mBallstát iarrthach ***agus Europol***. Léireofar sa liosta meaitseálacha cáilíocht ***na meaitseálacha*** agus an Ballstát ***nó na Ballstáit*** a bhfuil sonraí ina ***bhunachair/mbunachair*** sonraí a raibh ***na meaitseanna*** mar thoradh ***air/orthu***.

Or. en

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ar dheimhniúchán a fháil, roinnfidh an Ballstát nó na Ballstáit ***iarrtha*** na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 43 i gcás ina mbeidh siad ar fáil. Malartófar ***an fhaisnéis*** sin trí SIENA.	Ar dheimhniúchán a fháil, roinnfidh an Ballstát nó na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 43 i gcás ina mbeidh siad ar fáil. Malartófar ***na sonraí*** sin trí SIENA.

Or. en

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme chun an nós imeachta teicniúil do ***CFETC*** a shonrú chun bunachair sonraí na mBallstát agus formáid na bhfreagraí a chuardach.	7. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh*** cur chun feidhme chun an nós imeachta teicniúil do ***EPRIS*** a shonrú chun bunachair sonraí na mBallstát agus formáid na bhfreagraí a chuardach. ***Glacfar an***

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin ***a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).	***gníomh*** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear ***in Airteagal 76***(2).

Or. en

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Coinneoidh gach Ballstát logaí de na hiarrataí ar chuardach a dhéanfaidh a ***údaráis inniúla agus foireann na*** n-údarás ***sin*** atá cuí-údaraithe chun úsáid a bhaint as EPRIS. Coinneoidh Europol logaí d'iarrataí ar iarratais a dhéanfaidh a fhoireann chuí-údaraithe.	2. Coinneoidh gach Ballstát ***rannpháirteach*** logaí de na hiarrataí ar chuardach a dhéanfaidh ***foireann*** a n-údarás ***inniúil um fhorfheidmiú an dlí*** atá cuí-údaraithe chun úsáid a bhaint as EPRIS. Coinneoidh Europol logaí d'iarrataí ar iarratais a dhéanfaidh a fhoireann chuí-údaraithe.

Or. en

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***aon*** bhliain ***amháin*** tar éis a gcruthaithe.	Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad ***2*** bhliain tar éis a gcruthaithe.

Or. en

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, EPRIS a úsáid chun ***bunachar sonraí*** náisiúnta ***amháin nó níos mó*** a chuardach de dheasca chliseadh bhonneagar Europol, tabharfaidh Europol fógra do na Ballstáit ar mhodh uathoibrithe. Glacfaidh Europol bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil atá ann EPRIS a úsáid gan mhoill.	1. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, EPRIS a úsáid chun ***innéacsanna*** náisiúnta ***de thaifid phóilíneachta*** a chuardach de dheasca chliseadh bhonneagar Europol, tabharfaidh Europol fógra do na Ballstáit ar mhodh uathoibrithe. Glacfaidh Europol bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil atá ann EPRIS a úsáid gan mhoill.

Or. en

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, EPRIS a úsáid chun ***bunachar sonraí*** náisiúnta amháin nó níos mó a chuardach de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh an Ballstát sin fógra do Europol agus don Choimisiún ar mhodh uathoibrithe. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil atá ann EPRIS a úsáid gan mhoill.	2. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, EPRIS a úsáid chun ***innéacsanna*** náisiúnta amháin nó níos mó ***de thaifid phóilíneachta*** a chuardach de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh an Ballstát sin fógra do ***na Ballstáit rannpháirteacha eile, do*** Europol agus don Choimisiún ar mhodh uathoibrithe. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil atá ann EPRIS a úsáid gan mhoill.

Or. en

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina léireoidh na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 13 nó 22 meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh chun an cuardach nó an chomparáid a dhéanamh agus na sonraí atá i mbunachar sonraí an Bhallstáit iarrtha nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú ***an mheaitseála*** sin ag an mBallstát iarrthach, tabharfaidh an Ballstát iarrtha tacar ***croíshonraí*** ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. ***Beidh na sonraí seo a leanas sa tacar bunsonraí sin, má tá siad ar fáil:***	***1.*** I gcás ina léireoidh na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 13 nó 22 meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh chun an cuardach nó an chomparáid a dhéanamh agus na sonraí atá i mbunachar sonraí an Bhallstáit iarrtha nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú ***de láimh na meaitseála*** sin ag an mBallstát iarrthach, tabharfaidh an Ballstát iarrtha tacar ***croí-shonraí*** ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. ***I gcás ina gceanglaítear údarú breithiúnach faoin dlí náisiúnta, seolfar na croí-shonraí ar ais laistigh de 72 uair an chloig.***
(a) céadainm (céadainmneacha);	
(b) sloinne/sloinnte;	
(c) dáta breithe;	
(d) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;	
(e) áit agus tír bhreithe;	
(f) inscne.	

Or. en

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. I gcás ina mbaineann an meaits deimhnithe le sonraí aitheanta duine, beidh na sonraí seo a leanas sa tacar croí-shonraí sin, má tá siad ar fáil:
	(a) céadainm (céadainmneacha);
	(b) sloinne/sloinnte;
	(c) ailias(ailiasanna) agus ainm(ainmneacha) a úsáideadh roimhe sin;

(d) dáta breithe;

(e) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;

(f) áit agus tír bhreithe;

(g) inscne;

(h) an dáta a fuarthas na sonraí bithmhéadracha agus an áit a bhfuarthas iad;

(i) an cion coiriúil ar ina leith a fuarthas na sonraí bithmhéadracha;

(j) uimhir an cháis choiriúil;

(k) an t-údarás inniúil um fhorfheidhmiú an dlí atá freagrach as an gcás coiriúil.

Or. en

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. I gcás ina mbaineann an meaits deimhnithe le sonraí nó rianta gan aithint, beidh na sonraí seo a leanas sa tacar croí-shonraí sin, má tá siad ar fáil:
	(a) an dáta a fuarthas na sonraí bithmhéadracha agus an áit a bhfuarthas iad;
	(b) an cion coiriúil ar ina leith a fuarthas na sonraí bithmhéadracha;
	(c) uimhir an cháis choiriúil;
	(d) an t-údarás inniúil um fhorfheidhmiú an dlí atá freagrach as an gcás coiriúil.

Or. en

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Ní dhéanfaidh an Ballstát iarrtha croí-shonraí a scaoileadh ar bhealach uathoibrithe ach beidh sé faoi réir cinneadh ó dhuine, mar a cheanglaítear le hAirteagal 11 de Threoir (AE) 2016/680.

Or. en

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 48	***scriosta***
SIENA a úsáid	
Maidir le haon mhalartú nach bhforáiltear dó go sainráite sa Rialachán seo idir údaráis inniúla na mBallstát nó le Europol, ag céim ar bith de cheann de na nósanna imeachta faoin Rialachán seo, déanfar é trí SIENA.	

Or. en

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, beidh rochtain ag na Ballstáit ar shonraí bithmhéadracha a chuir tríú ***tíortha*** ar fáil do Europol chun críocha Airteagal	1. ***Gan dochar d'aon srianta arna gcur in iúl ag soláthraí na faisnéise do Europol*** i gcomhréir le ***hAirteagal 19(2) de*** Rialachán (AE) 2016/794, beidh

18(2), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/794, agus beidh siad in ann cuardach a dhéanamh tríd an ródaire.	rochtain ag na Ballstáit ar shonraí bithmhéadracha a chuir ***údaráis*** tríú ***tír*** ar fáil do Europol chun críocha Airteagal 18(2), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/794, agus beidh siad in ann cuardach a dhéanamh tríd an ródaire.
	Or. en

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina mbíonn meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh agus sonraí Europol ***mar thoradh ar an nós imeachta sin***, déanfar an obair leantach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794.	2. I gcás ina mbíonn meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh agus sonraí ***arna mbunú ag tríú tír atá i seilbh*** Europol, déanfar an obair leantach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794.
	Or. en

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh rochtain ag Europol, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, ar shonraí a stórálann na Ballstáit ina mbunachair sonraí náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo.	1. ***I gcás inar gá chun gur féidir a chuspóirí a bhaint amach agus a chúraimí a chur i gcrích,*** beidh rochtain ag Europol, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, ***chun críocha Airteagal 18(2), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/794,*** ar shonraí a stórálann na Ballstáit ina mbunachair sonraí náisiúnta ***agus ina n-innéacsanna de thaifid phóilíneachta*** i gcomhréir leis an Rialachán seo.
	Or. en

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Is le Eucaris a dhéanfar cuardaigh Europol le sonraí clárúcháin feithicle mar chritéar cuardaigh.	3. Is le Eucaris a dhéanfar cuardaigh Europol le sonraí clárúcháin feithicle ***dá dtagraítear in Airteagal 18*** mar chritéar cuardaigh.

Or. en

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Is le EPRIS a dhéanfar cuardaigh Europol le ***taifid phóilíneachta mar chritéar cuardaigh***.	4. Is le EPRIS a dhéanfar cuardaigh Europol le ***sonraí beathaisnéiseacha na ndaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine ciontaithe dá dtagraítear in Airteagail 25 agus 26***.

Or. en

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Ní dhéanfaidh Europol na cuardaigh i gcomhréir le mír 1 ach amháin agus a chuid cúraimí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/794 á gcomhlíonadh aige.	***scriosta***

Or. en

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 6 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. I gcás ina léiríonn na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 13 nó 22 meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh chun cuardach a dhéanamh nó comparáid a dhéanamh agus na sonraí atá i mbunachar sonraí náisiúnta an Bhallstáit nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú ***an mheaitseála*** sin ag Europol, cinnfidh an Ballstát iarrtha an dtabharfaidh sé tacar croíshonraí ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. Beidh na sonraí seo a leanas sa tacar bunsonraí sin, má tá siad ar fáil:	6. I gcás ina léiríonn na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 13 nó 22 meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh chun cuardach a dhéanamh nó comparáid a dhéanamh agus na sonraí atá i mbunachar sonraí náisiúnta an Bhallstáit nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú ***de láimh na meaitseála*** sin ag Europol, cinnfidh an Ballstát iarrtha an dtabharfaidh sé tacar croíshonraí ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. ***I gcás ina gceanglaítear údarú breithiúnach faoin dlí náisiúnta, seolfar na croí-shonraí ar ais laistigh de 72 uair an chloig.*** Beidh na sonraí seo a leanas sa tacar bunsonraí sin, má tá siad ar fáil:

Or. en

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Maidir leis an úsáid a bhaineann Europol as faisnéis arna fáil ó chuardach arna dhéanamh i gcomhréir le mír 1 agus ó mhalartú croí-shonraí i gcomhréir le mír 6, beidh sí faoi réir toiliú a fháil ón mBallstát ***inar*** tharla an meaits. Má cheadaíonn an Ballstát an fhaisnéis sin a úsáid, déanfar láimhseáil na faisnéise sin ag Europol a rialú le Rialachán (AE) 2016/794.	7. Maidir leis an úsáid a bhaineann Europol as faisnéis arna fáil ó chuardach arna dhéanamh i gcomhréir le mír 1 agus ó mhalartú croí-shonraí i gcomhréir le mír 6, beidh sí faoi réir toiliú a fháil ón mBallstát ***ar ina bhunachar sonraí féin a*** tharla an meaits. Má cheadaíonn an Ballstát an fhaisnéis sin a úsáid, déanfar láimhseáil na faisnéise sin ag Europol a rialú le Rialachán (AE) 2016/794.

Or. en

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuspóir na sonraí	Cuspóir na ***próiseála*** sonraí

Or. en

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ceadófar don Bhallstát iarrthach nó do Europol sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch ar ina leith a sholáthair an Ballstát iarrtha na sonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus chun na gcríoch sin amháin. Ní cheadófar próiseáil chun críocha eile ach amháin le réamhúdarú an Bhallstáit iarrtha.	1. Ceadófar don Bhallstát iarrthach nó do Europol sonraí pearsanta a ***fuair siad a*** phróiseáil chun na gcríoch ar ina leith a sholáthair an Ballstát iarrtha na sonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus chun na gcríoch sin amháin. Ní cheadófar próiseáil chun críocha eile ach amháin le réamhúdarú an Bhallstáit iarrtha ***nó Europol, mar is ábhartha***.

Or. en

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní cheadófar sonraí arna soláthar de bhun Airteagail 6, 7, 13, 18 nó ***22*** ag an mBallstát ***cuardaigh*** nó ag ***an mBallstát comparáide*** ach amháin:	2. Ní cheadófar sonraí arna soláthar de bhun Airteagail 6, 7, 13, 18***, 22*** nó ***26*** ag an mBallstát ***iarrthach*** nó ag ***Europol*** ach amháin ***i gcás inar gá***:

Or. en

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) chun tacar croí-shonraí a mhalartú i gcomhréir le hAirteagal 47;

Or. en

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) iarraidh ar chúnamh dlíthiúil a ullmhú agus a chur isteach ó na póilíní má mheaitseálann na sonraí sin iad;	(b) iarraidh ar chúnamh dlíthiúil a ullmhú agus a chur isteach ó na póilíní ***nó ó na breithiúna*** má mheaitseálann na sonraí sin iad;

Or. en

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) logáil de réir bhrí Airteagal 40 agus Airteagal 45.	(c) logáil de réir bhrí Airteagal ***20,*** 40 agus Airteagal 45.

Or. en

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Féadfaidh an Ballstát iarrthach na sonraí arna soláthar dó i gcomhréir le hAirteagail 6, 7, 13 nó 22 a phróiseáil i gcás inar gá sin chun críocha an Rialacháin seo agus sa chás sin amháin.*** Déanfar na sonraí ***arna soláthar*** a scriosadh láithreach tar éis comparáid a dhéanamh idir sonraí nó freagraí uathoibrithe ar chuardaigh ach amháin má tá tuilleadh próiseála riachtanach ag an mBallstát iarrthach chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.	3. Déanfar na sonraí ***pearsanta*** a ***fuair an Ballstát iarrthach nó Europol a*** scriosadh láithreach tar éis comparáid a dhéanamh idir sonraí nó freagraí uathoibrithe ar chuardaigh ach amháin má tá tuilleadh próiseála riachtanach ag an mBallstát iarrthach chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Or. en

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit cruinneas agus ábharthacht reatha na sonraí pearsanta. Má thagann Ballstát iarrtha ar an eolas gur soláthraíodh sonraí míchearta nó sonraí nár cheart a sholáthar, tabharfar fógra faoi sin gan mhoill d'aon Bhallstát iarrthach. Beidh sé d'oibleagáid ar gach Ballstát iarrthach lena mbaineann na sonraí a cheartú nó a scriosadh ***dá réir***. Thairis sin, déanfar sonraí pearsanta arna soláthar a cheartú má chinntear go bhfuil siad mícheart. Má tá cúis ag an mBallstát iarrthach lena chreidiúint go bhfuil na sonraí a soláthraíodh mícheart nó gur cheart iad a scriosadh, cuirfear an Ballstát iarrtha ar an eolas faoi sin.	1. Áiritheoidh na Ballstáit ***agus Europol*** cruinneas agus ábharthacht reatha na sonraí pearsanta ***a phróiseáiltear de bhun an Rialacháin seo***. Má thagann Ballstát iarrtha ***nó Europol*** ar an eolas gur soláthraíodh sonraí míchearta nó sonraí nár cheart a sholáthar, tabharfar fógra faoi sin gan mhoill d'aon Bhallstát iarrthach. Beidh sé d'oibleagáid ar gach Ballstát iarrthach lena mbaineann na sonraí a cheartú nó a scriosadh ***gan moill mhíchuí***. Thairis sin, déanfar sonraí pearsanta arna soláthar a cheartú má chinntear go bhfuil siad mícheart. Má tá cúis ag an mBallstát iarrthach ***nó Europol*** lena chreidiúint go bhfuil na sonraí a soláthraíodh mícheart nó gur cheart iad a scriosadh, cuirfear an Ballstát iarrtha ar an eolas faoi sin.

Or. en

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina gcuireann ábhar sonraí i gcoinne chruinneas na sonraí atá i seilbh Ballstáit, i gcás nach féidir leis an mBallstát lena mbaineann cruinneas na sonraí sin a shuíomh go hiontaofa agus i gcás ina n-iarrfaidh an duine is ábhar do na sonraí é, marcálfar bratach ar na sonraí lena mbaineann. I gcás ina bhfuil bratach den sórt sin ann, ní fhéadfaidh na Ballstáit í a bhaint ach amháin le cead ón ábhar sonraí nó bunaithe ar chinneadh ón gcúirt inniúil nó ón údarás ***neamhspleách cosanta*** sonraí.	2. I gcás ina gcuireann ábhar sonraí i gcoinne chruinneas na sonraí atá i seilbh Ballstáit ***nó Europol***, i gcás nach féidir leis an mBallstát lena mbaineann ***ná Europol*** cruinneas na sonraí sin a shuíomh go hiontaofa agus i gcás ina n-iarrfaidh an duine is ábhar do na sonraí é, marcálfar bratach ar na sonraí lena mbaineann. I gcás ina bhfuil bratach den sórt sin ann, ní fhéadfaidh na Ballstáit ***ná Europol*** í a bhaint ach amháin le cead ón ábhar sonraí nó bunaithe ar chinneadh ón gcúirt inniúil nó ón údarás ***maoirseachta náisiúnta nó ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint*** Sonraí***, mar is ábhartha***.

Or. en

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tar éis dhul in éag na huastréimhse chun sonraí a choinneáil arna leagan síos faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha nuair a chuir an Ballstát iarrtha an Ballstát iarrthach ar an eolas faoin uastréimhse sin tráth soláthair na sonraí**.**	(b) tar éis dhul in éag na huastréimhse chun sonraí a choinneáil arna leagan síos faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha nuair a chuir an Ballstát iarrtha ***nó Europol*** an Ballstát iarrthach ar an eolas faoin uastréimhse sin tráth soláthair na sonraí***;***

Or. en

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) tar éis dhul in éag na huastréimhse chun sonraí a choinneáil a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/794.

Or. en

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina bhfuil cúis lena chreidiúint go ndéanfadh scriosadh sonraí dochar do leasanna an ábhair sonraí, déanfar na sonraí a ***bhlocáil*** in ionad iad a scriosadh. ***Ní fhéadfar*** sonraí ***blocáilte a sholáthar ná a úsáid ach*** chun na críche ar chuici a cuireadh cosc ar scriosadh na sonraí sin.	I gcás ina bhfuil cúis lena chreidiúint go ndéanfadh scriosadh sonraí dochar do leasanna an ábhair sonraí, déanfar na sonraí a ***shrianadh*** in ionad iad a scriosadh. ***Déanfar*** sonraí ***srianta a phróiseáil*** chun na críche ar chuici a cuireadh cosc ar scriosadh na sonraí sin.

Or. en

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Is iad na Ballstáit a bheidh ina bpróiseálaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil trí Eucaris.

Or. en

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh Europol, eu-LISA agus údaráis na mBallstát slándáil na próiseála a dhéanfar ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo. Comhoibreoidh Europol, eu-LISA agus údaráis na mBallstát i dtaca le cúraimí a bhaineann le slándáil.	1. Áiritheoidh Europol, eu-LISA agus údaráis ***inniúla*** na mBallstát ***um fhorfheidhmiú an dlí*** slándáil na próiseála a dhéanfar ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo. Comhoibreoidh Europol, eu-LISA agus údaráis ***inniúla*** na mBallstát ***um fhorfheidmiú an dlí*** i dtaca le cúraimí a bhaineann le slándáil.

Or. en

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan dochar d'Airteagal ***33*** de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/794, déanfaidh eu-LISA agus Europol na bearta is gá chun slándáil an ródaire agus EPRIS faoi seach a áirithiú mar aon lena mbonneagar cumarsáide gaolmhar.	2. Gan dochar d'Airteagal ***91*** de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/794, déanfaidh eu-LISA agus Europol na bearta is gá chun slándáil an ródaire agus EPRIS faoi seach a áirithiú mar aon lena mbonneagar cumarsáide gaolmhar.

Or. en

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar d'Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/794, cuirfidh Europol cibearbhagairtí suntasacha, leochaileachtaí suntasacha agus teagmhais shuntasacha in iúl do CERT-EU gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dó fáil amach fúthu. Déanfar	Gan dochar d'Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/794 ***agus d'Airteagal 92 de Rialachán (AE) 2018/1725***, cuirfidh Europol cibearbhagairtí suntasacha, leochaileachtaí suntasacha agus teagmhais shuntasacha in iúl do CERT-EU gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí

mionsonraí teicniúla iomchuí inghníomhaithe maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais lena bhféadfar cibearbhagairtí, freagairt ar theagmhais nó bearta maolaitheacha a bhrath go réamhghníomhach, a nochtadh do CERT-EU gan moill mhíchuí.

ná 24 uair an chloig tar éis dó fáil amach fúthu. Déanfar mionsonraí teicniúla iomchuí inghníomhaithe maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais lena bhféadfar cibearbhagairtí, freagairt ar theagmhais nó bearta maolaitheacha a bhrath go réamhghníomhach, a nochtadh do CERT-EU gan moill mhíchuí.

Or. en

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina dtarlóidh teagmhas slándála maidir le bonneagar lárnach an ródaire, tabharfaidh eu-LISA fógra do CERT-EU maidir le cibearbhagairtí suntasacha, leochaileachtaí suntasacha agus teagmhais shuntasacha gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dó fáil amach fúthu. Déanfar mionsonraí teicniúla iomchuí inghníomhaithe maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais lena bhféadfar cibearbhagairtí, freagairt ar theagmhais nó bearta maolaitheacha a bhrath go réamhghníomhach, a nochtadh do CERT-EU gan moill mhíchuí.	I gcás ina dtarlóidh teagmhas slándála maidir le bonneagar lárnach an ródaire ***agus gan dochar d'Airteagail 34 agus 92 de Rialachán (AE) 2018/1725***, tabharfaidh eu-LISA fógra do CERT-EU maidir le cibearbhagairtí suntasacha, leochaileachtaí suntasacha agus teagmhais shuntasacha gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dó fáil amach fúthu. Déanfar mionsonraí teicniúla iomchuí inghníomhaithe maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais lena bhféadfar cibearbhagairtí, freagairt ar theagmhais nó bearta maolaitheacha a bhrath go réamhghníomhach, a nochtadh do CERT-EU gan moill mhíchuí.

Or. en

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit agus ***gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais*** go ndéanfaidh gach údarás a bheidh i dteideal úsáid a bhaint as Prüm II na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go gcomhoibreoidh an t-údarás sin, i gcás inar gá sin, leis an údarás maoirseachta.	1. Áiritheoidh na Ballstáit agus ***Europol*** go ndéanfaidh gach údarás a bheidh i dteideal úsáid a bhaint as Prüm II na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go gcomhoibreoidh an t-údarás sin, i gcás inar gá sin, leis an údarás maoirseachta.

Or. en

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Glacfaidh Europol na bearta is gá chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo agus comhoibreoidh sé, nuair is gá, leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Or. en

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na rialaitheoirí sonraí na bearta is gá chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na próiseála sonraí de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear na logaí dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 45 a fhíorú go rialta agus oibriú, i gcás inar gá, i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.	2. Déanfaidh na rialaitheoirí sonraí na bearta is gá chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na próiseála sonraí de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear na logaí dá dtagraítear in Airteagail ***20,*** 40 agus 45 a fhíorú go rialta agus oibriú, i gcás inar gá ***agus de réir mar is iomchuí***, i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Or. en

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 61 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Na húdaráis mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, comhoibreoidh siad go gníomhach faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí faoi seach ***agus áiritheoidh siad*** maoirseacht chomhordaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe má fhaigheann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás maoirseachta neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó má aimsíonn siad aistrithe a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a úsáideann na bealaí cumarsáide Prüm II.	1. Na húdaráis mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, comhoibreoidh siad go gníomhach faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí faoi seach ***chun*** maoirseacht chomhordaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ***a áirithiú***, go háirithe má fhaigheann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás maoirseachta neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó má aimsíonn siad aistrithe a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a úsáideann na bealaí cumarsáide Prüm II.

Or. en

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta	Sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta

Or. en

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní ***dhéanfar*** sonraí ***arna bpróiseáil*** i gcomhréir leis an Rialachán seo ***a aistriú*** chuig tríú ***tíortha*** ná chuig ***eagraíochtaí*** idirnáisiúnta ***ná a chur ar fáil dóibh ar bhealach uathoibrithe***.	***1.*** Ní ***aistreoidh Ballstát iarrthach aon*** sonraí ***atá faighte aige*** i gcomhréir leis an Rialachán seo chuig tríú ***tír*** ná chuig ***eagraíocht*** idirnáisiúnta ***ach amháin i gcomhréir le Caibidil V de Threoir (AE) 2016/680 agus i gcás inar dheonaigh an Ballstát iarrtha a údarú roimh an aistriú***.

Or. en

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Ní aistreoidh Europol aon sonraí atá faighte aige i gcomhréir leis an Rialachán seo chuig tríú tír ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/794 agus ina bhfuil údarú tugtha ag an mBallstát iarrtha roimh an aistriú.

Or. en

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 63 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) bainistiú a dhéanamh ar an rochtain atá ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar an ródaire, agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille	(g) bainistiú a dhéanamh ar an rochtain atá ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ***um fhorfheidhmiú an dlí*** ar an ródaire, agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann

lena bpróifíl, a chruthú agus a nuashonrú go tráthrialta;	sin, maille lena bpróifíl, a chruthú agus a nuashonrú go tráthrialta;

Or. en

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 63 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) bainistiú agus socruithe a dhéanamh maidir le rochtain fhoireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar CFETC i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifílí, a chruthú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta;	(h) bainistiú agus socruithe a dhéanamh maidir le rochtain fhoireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ***um fhorfheidhmiú an dlí*** ar CFETC i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifílí, a chruthú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta;

Or. en

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 63 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) bainistiú agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain a bheidh ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar Eucaris i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifílí, a chruthú agus a nuashonrú go rialta;	(i) bainistiú agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain a bheidh ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ***um fhorfheidhmiú an dlí*** ar Eucaris i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifílí, a chruthú agus a nuashonrú go rialta;

Or. en

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 63 – mír 1 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) aon sonraí a fuarthas ó Bhallstát iarrtha a scriosadh laistigh de 48 uair an chloig tar éis fógra a fháil ón mBallstát iarrtha go raibh na sonraí pearsanta a tíolacadh mícheart, nach raibh siad cothrom le dáta a thuilleadh nó gur tarchuireadh go neamhdhleathach iad.	(m) aon sonraí a fuarthas ó Bhallstát iarrtha a ***cheartú nó a*** scriosadh laistigh de 48 uair an chloig tar éis fógra a fháil ón mBallstát iarrtha go raibh na sonraí pearsanta a tíolacadh mícheart, nach raibh siad cothrom le dáta a thuilleadh nó gur tarchuireadh go neamhdhleathach iad.

Or. en

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 63 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh gach Ballstát freagrach as a n-údaráis inniúla náisiúnta a nascadh leis an ródaire, le EPRIS agus le Eucaris.	2. Beidh gach Ballstát freagrach as a n-údaráis inniúla náisiúnta ***um fhorfheidhmiú an dlí*** a nascadh leis an ródaire, le EPRIS agus le Eucaris.

Or. en

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 64 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Beidh*** Europol ***freagrach as aon oiriúnuithe teicniúla ar bhonneagar Europol a theastaíonn chun nasc a bhunú leis an ródaire agus chuig Eucaris***.	3. ***Gan dochar d'Airteagal 26(6c) de Rialachán (AE) 2016/794 agus do chuardaigh*** Europol ***de bhun Airteagal 50(4) den Rialachán seo, ní bheidh rochtain ag Europol ar aon cheann de na sonraí pearsanta a phróiseáiltear trí EPRIS***.

Or. en

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 66 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Forbrófar agus bainisteofar an ródaire sa chaoi go n-áiritheofar rochtain thapa, éifeachtúil agus rialaithe, go mbeidh an ródaire ar fáil go hiomlán gan bhriseadh, agus go mbeidh an t-am freagartha i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla údaráis inniúla na mBallstát agus Europol.	Forbrófar agus bainisteofar an ródaire sa chaoi go n-áiritheofar rochtain thapa, éifeachtúil agus rialaithe, go mbeidh an ródaire ar fáil go hiomlán gan bhriseadh, agus go mbeidh an t-am freagartha i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla údaráis inniúla na mBallstát ***um fhorfheidmiú an dlí*** agus Europol.

Or. en

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 68 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Rialachán (AE) 2018/1726
Airteagal 19 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) in Airteagal 19(1), cuirtear an pointe seo (eea) a leanas leis:
	(eea) na tuarascálacha a ghlacadh maidir le forbairt an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) ../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2021/0410(COD)] de bhun Airteagal 79(2) den Rialachán sin;

Or. en

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 68 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Rialachán (AE) 2018/1726
Airteagal 19 – mír 1 – pointe ff agus hh

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) in Airteagal 19(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ff) agus phointe (hh):“
(ff) tuarascálacha a ghlacadh maidir le feidhmiú teicniúil an mhéid seo a leanas:	(ff) ***na*** tuarascálacha a ghlacadh maidir le feidhmiú teicniúil an mhéid seo a leanas:
(i) SIS de bhun Airteagal ***60(7***) de Rialachán (***AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus*** ón gComhairle ***(8) agus Airteagal 74(8) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (9);***	(i) SIS ***II*** de bhun Airteagal ***50(4***) de Rialachán (***CE) Uimh. 1987/2006 agusAirteagal 66(4) de Chinneadh 2007/533/CGB*** ón gComhairle***.***
(ii) VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB;	(ii) VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB;
(iii) EES de bhun ***Airteagal 72***(4) de Rialachán (AE) 2017/2226;	(iii) EES de bhun ***Airteagal 72***(4) de Rialachán (AE) 2017/2226;
(iv) ETIAS de bhun ***Airteagal 92***(4) de Rialachán (AE) 2018/1240;	(iv) ETIAS de bhun ***Airteagal 92***(4) de Rialachán (AE) 2018/1240;
(v) ECRIS-TCN agus cur chun feidhme thagairt ECRIS de bhun Airteagal 36(8) de Rialachán (AE) 2019/816;	(v) ECRIS-TCN agus cur chun feidhme thagairt ECRIS de bhun Airteagal 36(8) de Rialachán (AE) 2019/816;
(vi) na comhpháirteanna idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 78(3) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(3) de Rialachán (AE) 2019/818;	(vi) na comhpháirteanna idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 78(3) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(3) de Rialachán (AE) 2019/818;
(vii) an córas e-CODEX de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2022/850;	(vii) an córas e-CODEX de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2022/850;
	(viii) an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) ../... [2021/0410(COD)] de bhun Airteagal 79(5) de Rialachán (AE) ../...;
(hh) barúlacha foirmiúla a ghlacadh faoi	(hh) barúlacha foirmiúla a ghlacadh faoi

thuarascálacha an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis na hiniúchtaí de bhun ***Airteagal 56***(2) de ***Rialachán*** (***AE) 2018/1861, Airteagal 42(***2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ***agus Airteagal 31***(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, ***Airteagal 56***(2) de ***Rialachán*** (AE) 2017/2226***, Airteagal 67*** de Rialachán (AE) 2018/1240***,*** Airteagal ***29(2***) de ***Rialachán*** (AE) ***2019/816*** agus ***Airteagal 52 de Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 agus obair leantach*** iomchuí ***ar na hiniúchtaí*** sin a áirithiú;	thuarascálacha an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis na hiniúchtaí ***a rinneadh*** de bhun ***Airteagal 45***(2) de ***Rialachán*** (***CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 42(***2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008***, Airteagal 31***(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, ***Airteagal 56***(2) de ***Rialachán*** (AE) 2017/2226 ***agus Airteagal 67*** de Rialachán (AE) 2018/1240 ***agus*** Airteagal ***60(1***) de ***Rialachán*** (AE) ***../.. [2021/0410(COD)]*** agus ***bearta leantacha*** iomchuí ***na n-iniúchtaí*** sin a áirithiú;***”***
	Or. en

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2019/818
Airteagal 39 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunaítear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) chun críocha tacú, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais sin, le cuspóirí SIS, Eurodac agus ECRIS-TCN agus chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar chun críocha beartas, oibriúcháin agus cáilíocht sonraí. Tacóidh ***an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh*** le cuspóirí ***Prüm II*** freisin.	1. Bunaítear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) chun críocha tacú, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais sin, le cuspóirí SIS, Eurodac agus ECRIS-TCN agus chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar chun críocha beartas, oibriúcháin agus cáilíocht sonraí. Tacóidh ***CRRS*** le cuspóirí ***Rialachán (AE) … /… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [2021/0410(COD)]*** freisin.***”***
	Or. en

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (AE) 2019/818
Airteagal 39 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
"2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil ag córas faisnéise an Aontais Eorpaigh, a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus na staitisticí ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal ***65***(1) de Rialachán (AE) .../... * ***[anRialachán seo]*** Is trí bhíthin ***próifílí úsáideoirí rialaithe,*** slánrochtana ***agus próifílí sonracha úsáideoirí*** a thabharfar rochtain ***ar CRRS, chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin,*** do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862, in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816 agus in Airteagal 65(1) de Rialachán (AE) .../...* ***[anRialachán*** seo]."	"2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil ag córas faisnéise an Aontais Eorpaigh, a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus na staitisticí ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal ***71***(1) de Rialachán (AE) .../... * ***[an Rialachán seo].*** Is trí bhíthin slánrochtana a thabharfar rochtain do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862, in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816 agus in Airteagal 65(1) de Rialachán (AE) .../...* ***[an Rialachán*** seo] ***ar CRRS, agus rialú á dhéanamh ar rochtain agus próifílí úsáideoirí sonracha ann, agus is chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin, a thabharfar rochtain***."

Or. en

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an ródaire ***lena gceadú:***	1. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát ***um fhorfheidmiú an dlí***, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an ródaire***, de réir mar is ábhartha;***

Or. en

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) líon na gceisteanna in aghaidh an Bhallstáit agus Europol;	(a) líon na gceisteanna in aghaidh an Bhallstáit agus Europol ***in aghaidh na catagóire sonraí***;

Or. en

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) líon na n-iarrataí ar chuardach in aghaidh na catagóire sonraí;	***scriosta***

Or. en

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) líon na gcluichí deimhnithe ina ndearnadh sonraí lárnacha a mhalartú; ***agus***	(f) líon na gcluichí deimhnithe ina ndearnadh sonraí lárnacha a mhalartú;

Or. en

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) líon na meaitseanna deimhnithe nach ndearnadh sonraí lárnacha a mhalartú; agus

Or. en

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.	***Déanfar na sonraí a chomhiomlánú.*** Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

Or. en

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chun na gcríoch sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, Europol agus an Choimisiúin ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le Eucaris lena gceadú:	2. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chun na gcríoch sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát ***um fhorfheidhmiú an dlí***, Europol agus an Choimisiúin ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le Eucaris lena gceadú:

Or. en

Leasú 211

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.	***Déanfar na sonraí a chomhiomlánú.*** Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

Or. en

Leasú 212

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus Europol ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le EPRIS lena gceadú:	3. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát ***um fhorfheidmiú an dlí***, an Choimisiúin, agus Europol ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le EPRIS lena gceadú:

Or. en

Leasú 213

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Stórálfaidh*** eu-LISA na sonraí dá dtagraítear ***sna míreanna sin***.	4. ***déanfaidh*** eu-LISA na sonraí dá dtagraítear ***i mír 1 den Airteagal seo a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh arna bhunú le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) 2019/818***.

Or. en

Leasú 214

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na sonraí ar chumas na ***n-údarás dá dtagraítear i mír 1*** tuarascálacha agus staidreamh inoiriúnaithe a fháil chun éifeachtúlacht an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú.	Cuirfidh na sonraí ar chumas ***údarás inniúil*** na ***mBallstát um fhorfheidhmiú an dlí, Europol, eu-LISA agus an Coimisiún*** tuarascálacha agus staidreamh inoiriúnaithe a fháil chun éifeachtúlacht an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú.

Or. en

Leasú 215

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 73 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do eu-LISA maidir leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 36**,** a fhéadfaidh úsáid a bhaint as an ródaire nó a bhféadfaidh rochtain a bheith acu air.	1. Tabharfaidh na Ballstáit ***um fhorfheidmiú an dlí*** fógra do eu-LISA maidir leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 36 a fhéadfaidh úsáid a bhaint as an ródaire nó a bhféadfaidh rochtain a bheith acu air.

Or. en

Leasú 216

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 73 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do na Ballstáit eile, don Choimisiún, do eu-LISA agus do Europol maidir le hinneachar a mbunachar sonraí náisiúnta DNA a bhfuil feidhm ag Airteagail 5, 6 agus 7 maidir leo.

Or. en

Leasú 217

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 73 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Cuirfidh na Ballstáit na Ballstáit eile, an Coimisiún, eu-LISA agus Europol ar an eolas faoina bhfuil ina mbunachair sonraí dachtalascópacha náisiúnta a bhfuil feidhm ag Airteagal 12 agus Airteagal 13 maidir leo.

Or. en

Leasú 218

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 73 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. Cuirfidh na Ballstáit na Ballstáit eile, an Coimisiún, eu-LISA agus Europol ar an eolas faoina bhfuil ina mbunachair sonraí náisiúnta d'íomhánna den aghaidh a bhfuil feidhm ag Airteagail 21 agus 22 maidir leo.

Or. en

Leasú 219

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 73 – mír 2 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2d. Déanfaidh Ballstáit atá rannpháirteach i malartuithe uathoibríocha taifead póilíneachta de

bhun Airteagail 25 agus 26 fógra a thabhairt do na Ballstáit eile, don Choimisiún agus do Europol maidir le hinneachar a n-innéacsanna náisiúnta de thaifid phóilíneachta, na bunachair sonraí náisiúnta a úsáidtear chun na hinnéacsanna sin a bhunú agus na coinníollacha le haghaidh cuardaigh uathoibrithe.

Or. en

Leasú 220

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 73 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do Europol agus do eu-LISA maidir ***leis*** na pointí teagmhála náisiúnta.	3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do Europol agus do eu-LISA maidir ***lena bpointe teagmhála náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29. Tiomsóidh an Coimisiún liosta de*** na pointí teagmhála náisiúnta ***ar tugadh fógra dó ina leith agus cuirfidh sé ar fáil do gach Ballstát é***.

Or. en

Leasú 221

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit agus ***gníomhaireachtaí an Aontais*** tús a chur le húsáid ródaire trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:	1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit agus ***Europol*** tús a chur le húsáid ***an*** ródaire trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

Or. en

Leasú 222

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Tá sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an ródaire tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a tugadh i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus Europol.	(b) Tá sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an ródaire tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a tugadh i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát ***um fhorfheidmiú an dlí*** agus Europol.

Or. en

Leasú 223

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sa ghníomh cur chun feidhme sin, cinnfidh an Coimisiún freisin an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit agus ar ***ghníomhaireachtaí an Aontais*** tosú ag úsáid ródaire. Bliain amháin tar éis an dáta a chinnfear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír a bheidh sa dáta sin.	Sa ghníomh cur chun feidhme sin, cinnfidh an Coimisiún freisin an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit agus ar ***Europol*** tosú ag úsáid ***an*** ródaire. Bliain amháin tar éis an dáta a chinnfear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír a bheidh sa dáta sin.

Or. en

Leasú 224

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais tosú ag úsáid ródaire aon bhliain amháin ar a mhéad a	Féadfaidh an Coimisiún an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais tosú ag úsáid ***an*** ródaire aon bhliain amháin ar a mhéad a

chur siar i gcás inar léirigh measúnú ar chur chun feidhme an ródaire gur gá an cur siar sin. ***Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).***	chur siar i gcás inar léirigh measúnú ar chur chun feidhme an ródaire gur gá an cur siar sin.

Or. en

Leasú 225

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a thosóidh na Ballstáit agus ***gníomhaireachtaí an Aontais*** ag baint úsáide as EPRIS trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:	2. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a thosóidh na Ballstáit agus ***Europol*** ag baint úsáide as EPRIS trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

Or. en

Leasú 226

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar EPRIS tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a tugadh i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát.	(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar EPRIS tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a tugadh i gcrích i gcomhar le húdaráis ***inniúla*** na mBallstát ***um fhorfheidmiú an dlí***.

Or. en

Leasú 227

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an nasc curtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a rinne sé i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus le eu-LISA.	(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an nasc curtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a rinne sé i gcomhar le húdaráis ***inniúla*** na mBallstát ***um fhorfheidhmiú an dlí*** agus le eu-LISA.

Or. en

Leasú 228

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an nasc curtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a rinne sé i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus le eu-LISA.	(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an nasc curtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a rinne sé i gcomhar le húdaráis ***inniúla*** na mBallstát ***um fhorfheidhmiú an dlí*** agus le eu-LISA.

Or. en

Leasú 229

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Or. en

Leasú 230

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 79 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh eu-LISA agus Europol, faoi seach, go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an ródaire agus EPRIS i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar ***fheidhmiú an ródaire agus EPRIS*** i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, costéifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.	1. Áiritheoidh eu-LISA agus Europol, faoi seach, go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an ródaire agus EPRIS i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar ***a bhfeidhmiú*** i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, costéifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

Or. en

Leasú 231

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 79 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha an ródaire, cuirfidh eu-LISA ***faoi seach*** tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an ródaire. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin faoi na costais a tabhaíodh, mar aon le faisnéis faoi rioscaí ar bith a d'imreodh tionchar ar na costais fhoriomlána a fhágfar ar bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 72.	2. Faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha an ródaire, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an ródaire. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin faoi na costais a tabhaíodh, mar aon le faisnéis faoi rioscaí ar bith a d'imreodh tionchar ar na costais fhoriomlána a fhágfar ar bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 72.

Or. en

Leasú 232

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 79 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha EPRIS, cuirfidh Europol tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir ***le staid an ullmhúcháin do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus maidir*** leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt EPRIS, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe faoi na costais a tabhaíodh agus faisnéis faoi aon rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána a bheidh le híoc ag buiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 72.	3. Faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha EPRIS, cuirfidh Europol tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt EPRIS, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe faoi na costais a tabhaíodh agus faisnéis faoi aon rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána a bheidh le híoc ag buiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 72.

Or. en

Leasú 233

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 79 – mír 7 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. ***Trí bliana*** tar éis thús oibríochtaí an ródaire agus EPRIS dá dtagraítear in Airteagal 74 agus gach ***ceithre*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar Prüm II, lena n-áirítear:	7. ***2 bhliain*** tar éis thús oibríochtaí an ródaire agus EPRIS dá dtagraítear in Airteagal 74 agus gach ***4*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar Prüm II, lena n-áirítear:

Or. en

Leasú 234

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 79 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún cibé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 5 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ***ainmnithe***.	8. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún cibé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 5 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ***inniúil um fhorfheidhmiú an dlí***.

Or. en

Leasú 235

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 79 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún agus ***d'***Europol chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 3 agus 6 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ***ainmnithe***.	9. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún agus ***do*** Europol chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 3 agus 6 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ***inniúil um fhorfheidhmiú an dlí***.

Or. en

Leasú 236

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 79 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Soláthróidh na Ballstáit, eu-LISA agus Europol don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 7 a dhéanamh. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún freisin líon na gcluichí deimhnithe in aghaidh bhunachar sonraí gach Ballstáit in aghaidh na catagóire sonraí.	10. ***Gan dochar do cheanglais rúndachta agus do chosaint imscrúduithe leanúnacha,*** soláthróidh na Ballstáit, eu-LISA agus Europol don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 7 a dhéanamh. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún freisin líon na gcluichí deimhnithe in aghaidh bhunachar sonraí gach Ballstáit in aghaidh na catagóire sonraí.
	Or. en